

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DON OIDEACHAS

ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH BHLIANA 2017

## 1.0 Cúlra agus Réamhrá

*"Tá an t-oideachas i gcroílár neart d'ár n-uaimhianta mar náisiún. Níl aon réimse eile de ghníomhaíocht Rialtais a bhfuil cumas níos mó aici ár dtír a athrú chun a leasa. Tá sé ríthábhachtach d'ár n-uaimhianta go léir chun tacú le sochaí níos cóire, agus tá sé riachtanach d'ár n-uaimhianta go léir chun geilleagar níos láidre a sholáthar."*

Richard Bruton, An tAire Oideachais, Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017

Is éard atá sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 an chéad phlean gníomhaíochta bliantúil faoin gcreat straitéiseach níos leithne de chuid an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 a foilsíodh i Meán Fómhair 2016. Tá clár uaimhianach um athchóiriú ar fud na hearnála mar bhonn leis an gcreat trí bliana, arb í an fhís leis go mbeidh córas oideachais agus oiliúna na hÉireann ar an gceann is fearr san Eoraip faoin mbliain 2026. Tá an clár athchóirithe leagtha amach chun na scileanna agus an t-eolas a thabhairt d'fhoghlaimoirí atá de dhíth orthu chun a lán-acmhainneacht a bhaint amach agus chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar.

D'fhonn an uaimhian seo a bhaint amach, geallaimid forbairt a dhéanamh ar an méid a baineadh amach san am atá caite agus ar láidreachtaí chóras oideachais na hÉireann agus aghaidh a thabhairt go gníomhach ar na réimsí ina bhfuil deis feabhas a dhéanamh.

Tá an timpeallacht in bhfeidhmímid idir dhúshlánach agus chasta. Cruthaítear dúshlán agus deiseanna do bheartas agus soláthar oideachais agus oiliúna ag an athrú polaitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, lena n-áirítear an Breatimeacht; an geilleagar atá ag téarnamh agus ag fás agus na hathruithe gaolmhara ar na scileanna agus an t-éileamh atá ag fás d'uasoiiliúint agus athoiiliúint dóibh siúd atá i bhfostaíocht; na hathruithe réamh-mheasta sa daonra agus an tionchar acu sin ar rolluithe agus ar an éileamh ar ionaid sa Bhreisoideachas agus Breisoiliúint agus san Ardoideachas. Is cuid de chlár níos leithne d'athchóiriú seirbhíse poiblí agus státseirbhíse sinn, agus ní mór dúinn na gealltanais sin agus gealltanais eile i gClár an Rialtais a sholáthar.

Is í an fhís lárnach atá againn, trí chur chuige "lán-chórais" a ghlacadh, go mbeadh córas oideachais agus oiliúna na hÉireann ceannasach sa nuálaíocht agus i raon leathan d'iarrachtaí agus go mbainfimid úsáid as an oideachas chun bacainní a scriosadh do ghrúpaí atá i mbaol eisiaimh agus tagarmharc a shocrú don ionchuimsiú sóisialta. Ach an cur chuige sin a úsáid, is é ár n-uaimhian na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a sheachadadh agus foghlaimoirí de gach aois a ullmhú le bheith rannpháirteach agus rathúil i ndomhan athraitheach.

Tugtar deis leis an Straitéis 2016-2019 agus leis an bplean gníomhaíochta na forbairtí straitéise agus beartais éagsúla a mheas ar bhealach comhtháite, chun eochair-ghníomhartha a shainithint sa chéad tréimhse eile agus ceadú do mheasúnú ar an dul chun cinn a dhéanamh le himeacht ama. Ó seoladh an Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 agus an Ráiteas Straitéise, tá dul chun cinn suntasach déanta againn ó thaobh ár spriocanna agus ár gcuspóirí a bhaint amach. Tá 86% de na gníomhartha a bhí le seachadadh faoi dheireadh na bliana 2017 bainte amach nó bainte amach den chuid is mó.

Foilsíodh tuairiscí ar an dul chun cinn i rith na bliana 2017 gach ráithe, agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie) Mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019, foilseofar Plean Gníomhaíochta gach bliain agus tá Plean Gníomhaíochta 2018 á fhoilsiú in éineacht leis an athbhreithniú seo ar an dul chun cinn don bhliain 2017.

## 2.0 Fís straitéiseach a neartú ar fud chontanam an tsoláthair oideachais agus oiliúna

Tá réimse straitéisí náisiúnta oideachais agus oiliúna mar bhonn agus mar spreagadh leis na hathruithe suntasacha a bhfuiltear á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm ar fud chontanam an oideachais. Tugtar deis le cur chuige 'lán-chórais' na straitéisí sin a chomhtháthú agus monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus gach ceann acu ag cur leis an bhfís shonraithe don oideachas agus don oiliúint. Cuireadh saothar ar na straitéisí seo a leanas ar aghaidh sa bhliain 2017:

<b>Príomhstraitéisí</b>
<b>Ráiteas Beartais Oideachais STEM 2017-2026</b>
<b>Languages Connect, Straitéis na hÉireann maidir le Teangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026</b>
<b>An Straitéis Náisiúnta maidir le Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020</b>
<b>An Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025</b>
<b>An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020</b>
<b>Oideachas Gaeltachta 2017-2022</b>
<b>Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann 2016-2020</b>
<b>An Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019</b>
<b>An Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go dtí 2030</b>
<b>An Creat don tSraith Shóisearach</b>
<b>An Straitéis Náisiúnta maidir le hOideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn 2014-2020</b>
<b>An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030</b>
<b>An Straitéis Seirbhísí Comhroinnte 2017-2020</b>
<b>DEIS 2017 (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh sna Scoileanna)</b>
<b>An tSamhail um Leithdháileadh Múinteoirí Acmhainne</b>

### 2.1 Straitéisí suntasacha a athchóiriú agus/nó a fhorbairt agus a fhoilsiú sa bhliain 2017

Languages Connect: Leagtar amach i **Straitéis na hÉireann maidir le Teangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026** agus sa **Phlean Forfheidhmithe 2017-2022** treo-chlár uaimhianach agus spriocanna chun Éire a bheith ar cheann de na deich dtír is fearr san Eoraip ó thaobh teangacha iasachta a mhúineadh agus a fhoghlaim, ach roinnt beart a úsáid atá dírithe ar inniúlacht, éagsúlacht

agus tumadh a fheabhsú. Tá seachadadh na Straitéise ríthábhachtach lena chinntiú go mbeidh Éire ullmhaithe le haghaidh dinimice athraithe san Eoraip i ndiaidh Bhreitheacht chomh maith le tábhacht na dtíortha nach labhraítear Béarla iontu ar fud an domhain, tábhacht atá ag méadú. Cuid lárnach den Straitéis seo é, ní hamháin an líon leanaí a thugann faoi theanga iasachta a ardú, ach freisin éagsúlacht a chur ar an raon teangacha atá ar fáil do scoileanna agus doimhneacht eolais na ndaltaí i dteanga a mhéadú. Beidh athruithe suntasacha de dhíth chun an straitéis nua a chur i bhfeidhm, le hais mar a múineadh teangacha iasachta san am atá caite agus beidh ardú ar an líon múinteoirí teangacha iasachta de dhíth.

Tá **Ráiteas Beartais Oideachais STEM 2017-2026** agus **An Plean Forfheidhmithe 2017-2019** dírithe ar Éire bheith mar cheannródaí san oideachas STEM faoin mbliain 2026. Ní mór scileanna anailíseacha, cruthaitheachta agus smaointeoireachta criticiúla a thabhairt d'fhoghlaimoirí chun freagairt do dhúshlán an domhain atá ag athrú go tapa. Áirítear leis an bplean béim níos mó ar ghrúpaí le stair tearc-ionadaíochta a spreagadh, amhail cailíní, le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí STEM; féachtar le naisc a mhéadú idir an córas oideachais agus an lucht tionscail, ag feabhsú na dtacaíochtaí atá ar bun lena chinntiú go mothóidh múinteoirí muiníneach chun glacadh le STEM. Tá obair mhór ar bun cheana féin maidir le hoideachas STEM i réimsí mar athchóiriú curaclaim agus measúnaithe, lena n-áirítear an t-ábhar nua don Scrúdú Ardteistiméireachta, an Ríomheolaíocht, a thabhairt isteach agus curaclam bunscoile Matamaitice nua a fhorbairt, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le smaointeoireacht ríomhaireachtúil, scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus códú.

Athbhreithniú eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta: Foilsíodh **Litearthacht agus Uimhearthacht don Foghlaim agus don Saol 2011 – 2020** sa bhliain 2017. Léirítear san Athbhreithniú Eatramhach an dul chun cinn suntasach atá déanta amhail leath bealaigh trí thréimhse na Straitéise. Tarrainítear aird ar an dul chun cinn atá déanta sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic le torthaí ó staidéir amhail PISA (*Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí*) agus TIMSS (*Treochtaí sa Staidéar Matamaitice agus Eolaíochta Idirnáisiúnta*). Cé go bhfuil na torthaí agus na treochtaí thar a bheith dearfach agus spreagúil, is léir go bhfuil deis ann fós chun feabhsú a dhéanamh. Sainithníodh spriocanna uailmhianacha nua don litearthacht agus don uimhearthacht i scoileanna san athbhreithniú eatramhach. Tá na spriocanna nuashonraithe ríuailmhianach i réimse na huimhearthachta. Leagtar amach spriocanna sonracha freisin, den chéad uair, don litearthacht agus don uimhearthacht i scoileanna faoi mhíbhuntáiste. Beidh foilsiú an Phlean DEIS 2017 mar bhonn don fhorbairt sin. Tá béim níos mó freisin ar dhaltaí ardghnóthachtála agus ar ghnóthachtálacha a leabú sa litearthacht, go háirithe litearthacht don Ghaeilge agus trí mheán na Gaeilge, agus ar scileanna litearthachta digiteacha foghlaimoirí a fheabhsú.

## 2.2 Athchóirithe beartais agus próisis mhóra sa bhliain 2017

Príomh-sprioc sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 í bheith forásach san Eoraip maidir leis an oideachas a thapú chun bacainní a shárú agus deireadh a chur leis an timthriall de mhíbhuntáiste idirghlúine trí fhoghlaimoirí a chumasú a bheith rannpháirteach agus rathúil agus cur go héifeachtach leis an tsochaí i ndomhan atá ag athrú.

Léirítear sa mheastóireacht leanúnach ar an gclár **DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna)**, atá i bhfeidhm ón mbliain 2005 i leith, fíor-fheabhsú ar thorthaí oideachasúla do na daltaí atá rannpháirteach ann agus dá ndul chun cinn tríd an scoil. D'fhoilsigh an Foras Taighde ar Oideachas a thuarascáil meastóireachta is déanaí ar DEIS i mí an Mheithimh, agus léiríodh inti feabhsúcháin sa Léitheoireacht agus sa Mhatamaitic i measc na ndaltaí i scoileanna DEIS.

Sainithníodh san athbhreithniú ar DEIS, ar forbraíodh an Plean DEIS 2017 dá bharr, réimsí go bhféadfaí feabhas a chur orthu agus a thugann treoir ar an mbealach chun tosaigh, lena n-áirítear béim athnuaite ar phleanáil scoile agus ar thomhas torthaí; iarracht athnuaite ar litearthacht agus uimhearthacht níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar leibhéil ghnóthachtála i scoileanna DEIS; béim ar thacú le haistrithe thar an gcontanam oideachais; soláthar SNSO a fheabhsú chun tacú níos fearr le daltaí agus múinteoirí i scoileanna DEIS agus tacú le grúpaí leochaileacha lena mbaineann baol faoi leith maidir le rannpháirtíocht lag ar scoil agus luathfhágáil na scoile. Leagtar amach in DEIS 2017 spriocanna nua le baint amach maidir le torthaí níos fearr do leanaí, ina measc an bhearna idir scoileanna DEIS agus neamh-DEIS a laghdú ó thaobh tinrimh, gnóthachtála agus coinneála le torthaí oideachais níos fearr a chinntiú agus le bealaí dul chun cinn níos fearr a fhorbairt d'fhoghlaimoirí i scoileanna DEIS. Tá samhail nua atá bunaithe ar shonraí curtha ar bun ag an bPlean, chun na leibhéil mhíbhuntáiste i scoileanna óna dteastaíonn tuilleadh tacaíochta a mheas; déantar soláthar sa Phlean do chuir chuige nua a phiólótu, faoin gCiste Sármhaitheas Scoile, a bheidh mar fhaisnéis ag ionchuir chláir in imeacht ama agus lena n-áirítear béim faoi leith ar chomhoibriú idir-ghníomhaireachta le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile chun seirbhísí do scoileanna a fheabhsú le go mbeidh an tionchar is fearr is féidir acu agus chun torthaí náisiúnta sonraithe a bhaint amach.

Foilsíodh an Plean DEIS 2017 go luath sa bhliain 2017. Cuireadh i bhfeidhm modheolaíocht nua chun scoileanna a shainithint ach sonraí arna gcur ar fáil ag scoileanna a úsáid, i gcomhar le sonraí socheacnamaíochta atá bunaithe ar an Daonáireamh, mar a léirítear ag an Innéacs HP Pobal. Mar thoradh air sin, sainithníodh 109 scoil le haghaidh tacaíochtaí breise a fháil faoi DEIS. Cuirtear tacar uailmhianach cuspóirí i láthair i bPlean DEIS 2017, chomh maith le breis is 100 gníomhaíocht chun tacú leis na leanaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Cinntear leis na gníomhaíochtaí sin go mbainfear amach na spriocanna a leagadh amach agus go mbeidh torthaí níos fearr ag na foghlaimoirí is mó atá i mbaol míbhuntáiste. Tá córas leithdháilte acmhainní níos éifeachtaí á fhorbairt lena chinntiú go gcuirfear acmhainní le riachtanas oideachais sainaitheanta i scoileanna agus gurb iad sin is mó a bhfuil riachtanas acu a bhfaighidh tacaíochtaí breise chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sainaitheanta. Tá creat monatóireachta agus meastóireachta á fhorbairt freisin chun faisnéis níos fearr a bhailiú maidir le feidhmíocht scoileanna agus éifeachtúlacht nó tionchar idirghabhálacha faoi leith a bheidh mar fhaisnéis ag cinnti faoi leithdháileadh acmhainní agus treo an bheartais amach anseo maidir le míbhuntáiste oideachais.

Tugadh isteach samhail nua chun **Acmhainní Teagaisc don Oideachas Speisialta a leithdháileadh** i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i mí Mheán Fómhair 2017. Tá an tsamhail nua deartha le bheith ina bealach níos córa agus níos fearr chun acmhainní a leithdháileadh d'fhonn tacú le leanaí le Riachtanais Speisialta Oideachais agus cuirtear aon leithdháileadh aontaithe amháin ar fáil léi le haghaidh teagaisc thacaíochta do riachtanais speisialta oideachas i ngach scoil, bunaithe ar phróifíl oideachais na scoile sin. Tugtar deis do scoileanna, leis an leithdháileadh aonair, tacaíocht teagaisc bhreise a chur ar fáil do gach dalta a dteastaíonn an tacaíocht sin uathu ina scoileanna. Bainfidh scoileanna úsáid as acmhainní bunaithe ar riachtanais foghlama gach dalta ar leithligh. Tá an cur chuige seo deartha chun deireadh a chur leis an éagothroime a bhí ann sa chóras roimhe seo, nuair nach raibh go leor tuismitheoirí in ann teacht ar na measúnuithe a bhí de dhíth chun cáiliú d'acmhainní oideachais. Bhí tionchar thar a bheith diúltach aige sin ar leanaí ó chúlaí faoi míbhuntáiste. Leis an tsamhail nua, laghdaítear an t-ualach riaracháin ar scoileanna mar go dtagann sé in ionad an phróisis iarratais bhliantúil atá anois ann. Cinntítear leis an tsamhail leithdháilte nua go mbeidh cinnteacht níos mó ag scoileanna maidir leis na hacmhainní a bheidh ar fáil dóibh chun teagasc breise a sholáthar chun tacú le hionchuimsiú daltaí le riachtanais speisialta oideachais, ar bhonn leanúnach. Tabharfar deis do scoileanna, ar an tslí sin, pleanáil níos fearr a dhéanamh don soláthar seo agus é a chur ar an amchlár. Tabharfar deis leis an bpróiseas leithdháilte níos luaithe do scoileanna pleanáil chun cinn a dhéanamh don scoilbhliain. Cuirfear leibhéal neamhspleáchais níos

airde ar fáil do scoileanna leis an tsamhail nua maidir leis an tslí le tacaíocht teagaisc bhreise a bhainistiú agus a úsáid sa scoil, bunaithe ar riachtanais foghlama ar leithligh na ndaltaí, seachas bheith bunaithe ar dhiagnóis míchumais den chuid is mó.

**Ábhair nua sa tSraith Shóisearach agus deonú na chéad Phróifílí Gnóthachtála Sraithe Sóisearaí (PGSS).** Tugtar deiseanna do dhaltaí sa tSraith Shóisearach nua raon níos leithne scileanna agus eolais a fhorbairt, tugtar luaíocht agus aitheantas d'fheidhmíocht agus do ghnóthachtáil neamh-acadúil agus cuirtear béim lárnach ar cháilíocht bheatha, fholláine agus mheabhairshláinte an dalta. Tá sí deartha chun daltaí a ullmhú don fhoghlaim bhreise, don obair, do tsaoránacht fhreagrach agus ghníomhach, agus do mhaireachtáil shláintiúil. Tugadh isteach sonraíochtaí Sraithe Sóisearaí nua don Ghaeilge, do Nuatheangacha lasachta agus don Amharcealaín i mí Mheán Fómhair agus cuireadh tús freisin le clár nua Folláine sa tSraith Shóisearach. **Bronnadh na chéad Phróifílí Gnóthachtála Sraithe Sóisearaí sa bhliain 2017.** Cuirtear torthaí dalta i Scrúduithe Stáit san áireamh leis an PGSS, chomh maith le Measúnuithe bunaithe sa Seomra Ranga, a rannpháirtíocht i ngearrchúrsa agus aon ghnéithe breise eile de ghnóthachtáil dalta.

**Tá an próiseas aitheantais do scoileanna Gaeltachta gníomhach.** Seoladh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i rith na bliana. Díreann sa scéim chun a chinntiú go dtabharfar tacaíocht chuif do scoileanna i limistéir Ghaeltachta le go n-éireoidh leo mar Lárionaid Barr Feabhais don oideachas trí mheán na Gaeilge. Glacadh go dearfach léi agus roghnaigh beagnach 80% de na bunscoileanna incháilithe agus 96% de na hiar-bhunscoileanna incháilithe tosú ar phleanáil le súil agus critéir shonracha teanga a chur i bhfeidhm san aistear d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta agus tacaíochtaí breise a fháil. Tá próiseas tairisceana ar bun le haghaidh clár oideachais múinteoirí B. Oid agus M. Oid trí mheán na Gaeilge, clár a bheidh deartha chun cáilíocht agus soláthar múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile atá in ann oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sheachadadh agus cuspóir an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta* a bhaint amach maidir le cáilíocht an oideachais trí mheán na Gaeilge a fheabhsú. Tá planáil ar bun chun ríomh-mhol digiteach píolótach a fhorbairt chun an t-eispéireas scoile a fheabhsú do dhaltaí atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht, chun raon roghanna níos leithne agus níos cothroime a sholáthar maidir le hábhair trí mheán na Gaeilge a bheidh ar fáil dóibh ach teicneolaíocht a úsáid.

**An chéad aistriú pátrúnachta scoile faoin bpróiseas nua Athchumrú Scoileanna don Éagsúlacht.** De réir na socrúithe reatha do scoileanna nua, nuair a shainnítear riachtanas déimeagrafach le haghaidh scoile nua, déantar próiseas lena dtugtar deis comhlachtaí pátrúnachta éagsúla a bhreithniú le bheith mar phátrún don scoil nua. Féadfaidh gach pátrún agus pátrún ionchasach iarratas a dhéanamh faoin bpróiseas sin. Bunaíodh seacht scoil nua sa bhliain 2017; trí bhunscoil nua il-sainchreidmheacha go léir agus ceithre iar-bhunscoil nua.

Bíonn sé níos dúshlánaí tuilleadh éagsúlachta maidir le pátrúnachta scoile a sholáthar sa chás nach n-éiríonn oscailt scoileanna nua ón bhfás déimeagrafach. Moladh i dtuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh don Fhóram um Pátrúnachta agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoláíochta, a foilsíodh i mí Aibreáin 2012, go bhféadfaí céimeanna a thógáil lena chinntiú go soláthródh an córas oideachais líon agus raon bunscoileanna sách ilchineálach chun freastal ar gach creideamh agus ar dhaoine gan chreideamh. Fógraíodh próiseas nua um Athchumrú Scoileanna don Éagsúlacht sa bhliain 2017, lena dtacófar le scoileanna a aistriú chuig pátrúin il-sainchreidmheacha mar fhreagairt ar mhianta teaghlach áitiúil, bunaithe ar phrionsabail na follasachta agus an chomhoibrithe. Ba í Scoil Náisiúnta *Two Mile School* lasmuigh de Chill Airne i gCiarraí an chéad scoil a d'fhógair go raibh sí ag aistriú faoin bpróiseas nua. D'fhógair sí i Meitheamh, mar scoil a bhí ag aistriú go luath, go n-osclófar arís í

faoi phátrúnacht an BOO mar scoil náisiúnta pobail ó mhí Mheán Fómhair 2017. Éascófar breis aistrithe pátrúnachta scoile amach anseo ach forbairt a dhéanamh ar an bpróiseas Athchumrú Scoileanna don Éagsúlacht.

**Barr Feabhais agus Nuálaíocht a Spreagadh trí Chiste Barr Feabhais na Scoileanna.** Tugadh isteach Ciste Barr Feabhais na Scoileanna (CBF) sa bhliain 2017, agus tá sé dírithe go príomha ar scoileanna DEIS, chun tacaíocht agus luaíocht a thabhairt do chleachtadh nuálach i scoileanna. Tá sé mar aidhm leis an CBF scoileanna a spreagadh le bheith ag obair i mbraislí chun réitigh nua, nuálacha a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais agus chun torthaí foghlama do mhic léinn a fheabhsú. Déanfar an togra tionscadail *Step Up* de chuid Chiste Barr Feabhais na Scoileanna a fhorbairt agus a chomhaontú go luath sa bhliain 2018 idir an Chigireacht agus SSM. Déanfar cuairteanna comhairleacha a phíolótú i roinnt scoileanna príomhshrutha ag deireadh na bliana 2018. Leis na cuairteanna sin, déanfar obair chomhoibríoch idir iar-bhunscoileanna, an Chigireacht agus an tseirbhís tacaíochta SSM a bhrú chun cinn, rud a spreagfaidh féin-mheastóireacht agus feabhsúchán sa teagasc agus san fhoghlaim i réimsí tosaíochta faoi leith. Tá sruth Digiteach nua den Chiste curtha leis le déanaí. Tacaíonn an CBF-Digiteach le braislí scoileanna comhoibriú agus oibriú le chéile ar bhealaí spreagúla ar thionscadail a bhaineann le teagasc agus foghlaim agus teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid.

**Béim ar Fholláine lena n-áirítear an Clár Folláine nua don tSraith Shóisearach.** Tá fás ag teacht ar imní an phobail faoi mheabhairshláinte agus folláine leanaí agus daoine óga agus an tionchar a bhíonn ag an mbulaíocht i scoileanna. Cuireadh béim ar an ról ar féidir le scoileanna a imirt chun cabhrú le daltaí teacht aniar agus scoileanna déileála a fhorbairt, chun scoileanna a thabhairt dóibh na dúshlán sóisialta agus mothúchánacha a bhaineann leis an saol nua-aimseartha a bhainistiú. Mar chuid den obair a rinneadh sa bhliain 2017, bhí athbhreithniú ar bheartas agus cleachtas ROS maidir le cur chun cinn na folláine i scoileanna agus táscairí folláine a fhorbairt. Thug síceolaithe SNSO comhairle agus tacaíocht do scoileanna maidir le cur chun cinn sláinte agus folláine leanaí, chomh maith le hoiliúint i gcláir fianaise-bhunaithe chun inniúlacht agus teacht aniar shóisialta agus mhothúchánach a chur chun cinn. Is léir an téama **Folláine** sa churaclam ar gach leibhéal; luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile. Tugadh Folláine mar réimse foghlama isteach i scoileanna ó Mhí Mheán Fómhair 2017, ag tosú le gach dalta sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach. Tacaítear leis an réimse foghlama seo le clár forbartha gairmiúla do mhúinteoirí. Leanadh leis an obair freisin chun beartais frithbhulaíochta a leabú ar feadh an chórais. Lean an Chigireacht ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta ag scoileanna chun tacú le folláine na ndaltaí, agus ar na gníomhartha arna nglacadh ag scoileanna chun cultúr scoile dearfach a chruthú agus chun an bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Rinne an Chigireacht athbhreithniú freisin ar an modúl i bhFolláine i gcreat cigireachta Luathbhlianta, agus leanadh ar aghaidh le cigireachtaí dírithe ar an oideachas ag tuairisciú soláthair Folláin i ngach suíomh luathbhlianta a ndearnadh cigireacht orthu.

**Gabháil don Teicneolaíocht.** Foilsíodh an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna sa bhliain 2016, agus is inti a bheartaítear chun cumas na dteicneolaíochtaí digiteacha a réadú d'fheabhsú na múinteoireachta, na foghlama agus an mheasúnaithe de sa chaoi go n-éireoidh muintir óg na hÉireann ina smaointeoirí gafa, ina bhfoghlaiméoirí gníomhacha, ina ndéantúsóirí feasa agus ina saoránaigh dhomhanda a ghlacann rannpháirt go hiomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar. Áirítear leis an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2017 obair chun cruth nua-aimseartha a chur ar an gcuraclam agus an bealach a réiteach do ráitis soiléire a thabhairt maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid agus scoileanna digiteacha a fhorbairt i ngach curaclam. Tá tús curtha leis an saothar tosaigh ar churaclam nua a fhorbairt don mhatamaitic do bhunscoileanna agus áireofar leis scoileanna

smaointeoireachta cruthaithí, solúbtha agus ríomhaireachtúla; tabharfar Ríomheolaíocht isteach mar ábhar Ardteistiméireachta ó Mheán Fómhair 2018; tá taighde á dhéanamh chun cuir chuige ar chódú i gcomhthéacs Gaeilge a fhiosrú agus tá dhá ghearrchúrsa "ríomhchlárú agus códú" agus litearthacht sna meáin dhigiteacha ar fáil sa tSraith Shóisearach. Tá Creat Foghlama Digiteach do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile á thástáil agus tá teicneolaíochtaí digiteacha á leabú ar feadh chontanam an oideachais do mhúinteoirí, lena n-áirítear TFC a chur san áireamh mar ghné éigeantach san Oiliúint Tosaigh Mhúinteoirí; treoir maidir le húsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim sa Chlár Náisiúnta Ionduchtaithe do mhúinteoirí nuacháilithe; teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i gclár forbartha gairmiúla leanúnaí arna maoiniú ag an Roinn, agus tá ceardlanna agus eiseamláirí de dhea-chleachtas agus de chleachtas ceannaireachta ar fáil ar líne do gach múinteoir. Tá dul chun cinn suntasach déanta freisin maidir leis an mbonneagar TFC a neartú i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tá leathanbhanda ardluais ag gach iar-bhunscoil; tá leathanbhanda ar luas 30mb nó níos airde ag os cionn 1,000 bunscoil; bunaíodh grúpa oibre idir-rannach leis an tslí is fearr le haghaidh a thabhairt ar nascacht leathanbhanda do bhunscoileanna a chinntiú agus tá an Roinn ag obair i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC). Leithdháileadh 30m euro i ndeontais bhonneagair TFC ar scoileanna don bhliain 2016/2017 agus bunaíodh creat soláthair chun ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine a cheannach.

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair le SOLAS ar chur i bhfeidhm na chéad Straitéise um Foghlaim Fheabhsaithe le Teicneolaíocht 2016-2019 chun tógáil ar an gcumas agus dea-chleachtas reatha san fhoghlaim fheabhsaithe le teicneolaíocht, chun rochtain a leathnú amach agus chun nuáil a dhéanamh sa soláthar ardoideachais agus oiliúna. Áirítear leis an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2017 Pleananna Gníomhaíochta um Foghlaim Fheabhsaithe le Teicneolaíocht a fhorbairt i ngach ceann de na Boird Oideachais agus Oiliúna chun soláthar do bhonneagar, oideolaíocht agus forbairt ghairmiúil leanúnach chomh maith le bonneagar um roinnt agus bainistiú ábhair a fhorbairt chun roinnt agus forbairt d'acmhainní foghlama i measc múinteoirí a éascú. Is leis an straitéis a chruthaítear creat do na Boird Oideachais agus Oiliúna chun líon níos airde clár oiliúna a chur ar fáil ar líne, ag cur leis na cinn arna gcur ar fáil ag eCollege, an tseirbhís náisiúnta foghlama ar líne ([www.ecollege.ie](http://www.ecollege.ie)) lena pleanáladh soláthar ar líne do bheagnach 9,000 foghlaiméoir sa bhliain 2017.

**Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí.** Leagtar amach le forálacha an tAcht um Thús Áite do Leanaí, a ritheadh ina dhlí go luath i mí na Nollag, riachtanais nua tuairiscithe do mhúinteoirí cláraithe; agus éilítear ar scoileanna leis Ráiteas um Chosaint Leanaí a tháirgeadh ina léirítear tiomantas na scoile chun leanaí a choimeád slán ó dhíobháil. Tá a nósanna imeachta um chosaint leanaí nuashonraithe agus foilsithe ag an Roinn. Cuirtear san áireamh leo na riachtanais sainordaithe reachtúla nua maidir le tuairisciú agus cosaint leanaí. Áirítear leis na nósanna imeachta sin teimpléid chun cabhrú le scoileanna a Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhú agus a fhoilsiú.

**Aistrithe lena n-áirítear córas grádaithe nua don Ardteistiméireacht agus córas pointí comónta.** Tugadh córas grádaithe nua agus scéim pointí comónta nua isteach don Ardteistiméireacht sa bhliain 2017 mar chuid den chlár athchóirithe chun feabhas a chur ar an bpróiseas aistrithe chun tacú le daltaí aistriú ón dara leibhéal go dtí an t-ard-oideachas. Shuigh breis agus 58,000 dalta na Scrúduithe Ardteistiméireachta sa bhliain 2017 agus rinneadh marcáil orthu faoin scála grádaithe nua 8 mbanda agus tugadh scór do 80,345 iarratasóir chuig an CAO sa bhliain 2017 leis an Scála Pointí Comónta. Tá bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar iontráil fochéime a leathnú san áireamh sa Chreat Feidhmíochta Córas don Ardoideachais; agus tá socruithe ar bun chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bhforas ardoideachais maidir leis an líon bealaí iontrála chuig an Ardoideachas a laghdú. B'ionann agus 964 é líon na dtairiscintí CAO ag leibhéal 8 sa bhliain 2017 (529 bealach iontrála á dtairiscint ag Ollscoileanna, 412 ag Institiúidí Teicneolaíochta agus 23 ag



Coláistí). Is laghdú é sin ó 1,036 thiar sa bhliain 2014. Tá Foghrúpa Taighde ar Athchóiriú Aistrithe bunaithe chun bonn fianaise láidir a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus ar thionchar an phróisis athchóirithe aistrithe.

**Ailtireacht Scileanna Nua.** Foilsíodh Straitéis Náisiúnta Scileanna nua chuig 2025 (NSS) sa bhliain 2016 agus tá cur i bhfeidhm na Straitéise ar siúl go leanúnach. Tá os cionn 125 beart agus os cionn 50 geallsealbhóir éagsúla ag an Straitéis agus cuirtear creat d'fhorbairt scileanna ar fáil léi a chabhróidh le fás na hÉireann a spreagadh, go heacnamaíoch agus go sochaíoch sna deich mbliana amach romhainn. Tá an ailtireacht seo deartha chun comhoibriú níos dlúithe a chothú idir Ranna Rialtais ábhartha agus gníomhaireachtaí agus struchtúir a fhorbairt chun caidreamh idir an córas oideachais agus oiliúna agus an lucht fiontair a neartú. Tharla dhá phríomhghné struchtúracha den ailtireacht i mí Aibreáin 2017, seoladh na Comhairle Náisiúnta Scileanna, faoi chathaoirleacht an Aire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, T.D. agus 9 bhFóram Réigiúnacha Scileanna agus 9 Bainisteoirí Réigiúnacha Scileanna. Tógann an ailtireacht nua ar láidreachtaí na socruithe reatha chun riachtanais scileanna a shainaithint, cuireann meicníocht ar fáil chun éilimh a idirghabháil ar bhealach a éascaíonn don bheartú tosaíochta laistigh de na riachtanais sainaitheanta, agus ag an am céanna ag cur feabhais le freagraí an tsoláthraí oideachais agus oiliúna ar riachtanais scileanna sainaitheanta agus seachadadh tosaíochtaí a chinntiú.

Cuireann an **Chomhairle Náisiúnta Scileanna** meicníocht ar fáil chun éilimh a idirghabháil thar an raon iomlán riachtanas a sainaitheann tríd an taighde agus anailís a rinneadh faoina stiúir. Déanann an Chomhairle maoirseacht ar thaighde, tugann comhairle maidir le beartú tosaíochta do riachtanais scileanna sainaitheanta agus feidhmíonn ról lárnach maidir le cur chun cinn agus tuairisciú ar sheachadadh freagraí ag soláthraithe oideachais agus oiliúna i leith na dtosaíochtaí sin. Is comhlacht comhairleach, neamh-reachtúil í faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus tagann comhaltaí na Comhairle ó na hardleibhéil san earnáil phoiblí agus phríobháideach.

Cruthaíodh líonra 9 bhFóram Réigiúnacha Scileanna mar mheicníocht d'fhostóirí agus do chóras an Ardoideachais agus Oiliúna oibriú le chéile chun freagra a thabhairt ar riachtanais scileanna a gcuid réigiún. Is príomhchuspóirí iad chun cabhrú le fostóirí tuiscint níos fearr agus rochtain a fháil ar an raon iomlán seirbhísí atá ar fáil ar fud an chórais oideachais agus oiliúna, caidreamh níos eolaí a bheith acu le fostóirí mar bhonn do phleanáil clár agus naisc idir soláthraithe oideachais agus oiliúna a fheabhsú maidir le clár a phleanáil agus a sholáthar, dúbailt a laghdú agus cinntí náisiúnta maoinithe a éascú.

**Springboard+** a chuimsíonn an clár aistrithe scileanna TFC, a chomhlánaíonn an córas lárnach oideachais agus oiliúna Stáitchistithe agus a chuireann deiseanna uas-scilithe agus ath-scilithe ardoideachais saor in aisce ar fáil i réimsí scileanna sainaitheanta. Cuirfidh Springboard+ 2017 6,471 ionad ar fáil ar 208 cúrsa thar an mbliain acadúil 2017/18. Bíonn socrúchán oibre i gceist le 90% de chúrsaí Springboard+ (ach amháin na cúrsaí atá bunaithe ar fhiontraíocht). Faoi Springboard+ 2017, leathnaíodh na critéir incháilitheachta chun lucht cúraim bhaile agus daoine fostaithe nó féinfhostaithe ar mian leo uas-sciliú, ath-sciliú nó tras-sciliú a dhéanamh san earnáil Bhithchógais/Teicneolaíocht na Míochaine, agus daoine fostaithe nó féinfhostaithe san earnáil TFC ar mian leo uas-sciliú ó cháilíocht leibhéal 7 go cáilíocht leibhéal 8, a chur san áireamh.

Leagtar spriocanna uailmhianacha amach sa **Phlean Gníomhaíochta le Printíseacht agus Oiliúnacht a Fhorbairt in Éirinn** maidir le fás ar fhoghlaim obairbhunaithe, lena mbaineann comhpháirtíochtaí láidre idir fostóirí agus soláthraithe ardoideachais agus breisoideachais agus oiliúna. Leanadh leis an obair sa bhliain 2017 ar na Printíseachtaí Ceardaíochta atá ann cheana féin a athchóiriú agus ar phrintíseachtaí náisiúnta nua a fhorbairt. Rinneadh an dara glao ar phrintíseachtaí nua agus tá 26

príntíseacht náisiúnta nua dearbhaithe le haghaidh tuilleadh forbartha i réimsí idir an Bheochan agus Cúram Sláinte. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar bhealaí rannpháirtíochta i bpríntíseachtaí.

Ina theannta sin, forbraíodh 8 n-oiliúnacht gairme nua le breis agus 230 clárúchán ag deireadh na bliana 2017. Tá oiliúnachtaí ar fáil anois thar réimse leathan earnálacha, ina measc cúram, foirgníocht, innealtóireacht, faisean agus scéimhe, airgeadas, TFC, spóirt agus lóistíocht. Seoladh Treoir Chúig-Chéim maidir le hOiliúnacht an 16 Samhain, a bhí dírithe ar fhostóirí a bhí ag lorg faisnéise praiticiúla faoin tslí le hoiliúnacht a fhorbairt ina gcuideachta. Mar chuid den leathnú náisiúnta ar oiliúnachtaí, leathnaíodh amach na riachtanais incháilitheachta chun grúpa níos leithne rannpháirtithe féideartha a chuimsiú, iad sin atá fostaithe san áireamh.

### **2.3 Príomhchumasóirí na forbartha sa toadhchaí**

#### **Cáinainnéis 2018**

Daingníodh ardú faoi 5.8% sa leithdháileadh buiséid don oideachas agus don oiliúint i gCáinainnéis na bliana 2018. Ciallaíonn sin gur €10.085 billiún a bheidh sa Bhuiséad don Roinn Oideachais agus Scileanna, an leibhéal is airde riamh. €745 milliún a bheidh sa leithdháileadh caipitil don bhliain 2018.

Déanfar soláthar sa Bhuiséad d'os cionn 2,300 post breise i scoileanna faoi dheireadh na bliana 2018. Daingníodh maoiniú mar chuid den bhuiséad chun soláthar a dhéanamh d'fhás déimeagrafach ar ár ndaonra, chun feabhas a chur ar an sceideal foirnithe i mbunscoileanna, chun an soláthar gairmthreorach a neartú a thuilleadh, chun soláthar a dhéanamh do phoist bhreise sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, chun an líon laethanta scaoilte atá ar fáil do phríomhoidí ar múinteoirí iad a ardú, agus chun deis a thabhairt do leathnú níos mó den Phlean DEIS, áit a bhfuil riachtanais oideachais mhíbhuntáiste sainaitheanta, chun comhionannas deiseanna a sheachadadh sna scoileanna. Cuireadh maoiniú ar fáil chun tacú le raon tionscnamh beartais lena mbaineann tábhacht eacnamaíoch straitéiseach, ina measc teangacha iasachta, beartas STEM agus foghlaim dhigiteach. Leithdháileadh maoiniú breise mar chuid de chlár Éire Chruthaitheach an Rialtais agus chun leanúint le leathadh amach an Bheartais maidir le hOideachas Gaeltachta 2017-2022. Leithdháileadh cistiú ón Státchiste agus ó acmhainní reatha na Roinne chun athchóiriú na Sraithe Sóisearaí a bhrú chun cinn agus athchóiriú curaclaim sna réimsí teangacha príomha agus sa tSraith Shinsearach, Polaitíocht agus an tSochaí, Eolaíocht Talmhaíochta, Matamaitic Fheidhmeach, Corpoideachas, Ríomheolaíocht agus Eolaíocht.

Ligfear leis an gCáinainnéis d'infheistíocht shuntasach a dhéanamh san Ardoideachas agus sa Bhreisoideachas agus Oiliúint. Cuirfear ardú 0.1% ar thobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna (CNO) sa bhliain 2018 go 0.8% agus cuirfear ardú breise 0.1% air sna blianta 2019 agus 2020. Tugtar deis leis an mbeart seo do chaiteachas breise €47.5 milliún ón CNO sa bhliain 2018. Beidh an dá ardú dheiridh faoi réir ag cur i bhfeidhm na n-athchóirithe riachtanacha lena chinntiú go mbeidh ról níos mó ag fhostóirí maidir le tosaíochtaí agus treo straitéiseach an Chiste a chinneadh. In éineacht le hinfeistíocht bhreise €17 milliún ón Státchiste, tabharfar deis leis sin do phacáiste Ardoideachais agus Breisoideachais agus Oiliúna ar fiú €64.5 milliún é. Cuirfidh sin le hinfeistíocht €36.5 milliún na bliana seo caite ón Státchiste. Tabharfar raon athchóirithe isteach i leith an Chiste Náisiúnta Oiliúna mar fhreagra ar shaincheisteanna arna n-ardú ag fhostóirí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an Meicníocht Infheistíochta Fostóra-Státchiste. Áirítear leis sin athbhreithniú neamhspleách ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna, an CNO a chur in oiriúint níos mó le riachtanais fhostóirí, ina measc clár "le linn fostaíochta" go dtí €154 milliún sa bhliain 2018 (ó €106 milliún sa bhliain 2017) agus soláthar ardoideachais áirithe atá ábhartha go díreach d'fhostóirí a chur san áireamh, maoiniú breise agus

athdhirithe suntasach ar chlár scileanna, ag tabhairt glóir níos mó d'fhostóirí agus ag cur le follasacht agus meastóireacht.

I ndiaidh an tAthbhreithniú Caipitil, tá cistiú caipitil breise €663 milliún leithdháilte don earnáil oideachais agus oiliúna freisin sa tréimhse 2018-2021. Cuirfear leath den mhaoiniú caipitil bhreise (€332m) ar fáil don earnáil scoileanna, ag cur borrrha faoin infheistíocht inár mbonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Beartaítear go rachaidh os cionn 350 tionscadal mórsála fógartha ar aghaidh chuig tairiscint agus tógáil sa tréimhse 2018 go 2021, faoi Chlár Foirgníochta 6 Bliana na Roinne. Tá na tionscadail sin comhdhéanta de scoileanna nua, síntí mórsála agus oibreacha móra athchóirithe. Bainfear úsáid as €331 milliún sa tréimhse 2018-2021 chun borradh suntasach a chur faoi infheistíocht chaipitil san ardoideachas agus sa bhreiseoideachas, lena n-áirítear taighde. Ina theannta sin, éascófar infheistíocht i 11 foirgneamh nua san earnáil Institiúidí Teicneolaíochta, a bhuíochas de chlár um Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí le béim láidir ar STEM, lena n-áirítear TFC, innealtóireacht agus na heolaíochtaí beatha.

### **Cistiú an Ard-Oideachais**

Soiléirítear i dTuarascáil an tSainghrúpa (Tuarascáil Cassells) a foilsíodh i mí Iúil 2016, na dúshláin chistithe san earnáil Ardoideachais, agus tugann roinnt cur chuige agus moltaí le breithniú. Faoi mar a gealladh i gClár an Rialtais, cuireadh an Tuarascáil ar aghaidh chuig Comhchoiste an Oireachtais ar Oideachas agus Scileanna mar chuid den phróiseas chun plean a cheapadh do thodhchaí na hearnála.

Tá an Roinn ag obair san idirlinn chun cistiú breise a fháil don Ardoideachas. Léirítear an gealltanais sin i bhfógra Cháinainéis na bliana 2018 mar a leagadh amach thuas. Tabharfar deis leis an gcistiú breise sin do thionscnaimh shaindirithe san Ardoideachas, ina measc clár scileanna, cistiú nuálaíochta agus feidhmíochta, forbairt ollscoile teicneolaíochta agus costais phrintíseachta san earnáil. Tabharfar deis ionaid a sholáthar do 2,100 dalta breise sa bhliain 2018.

Cheadaigh an Roinn athbhreithniú freisin sa bhliain 2016 ar an tsamhail leithdháilte reatha do chistiú Ardoideachais, agus cheap an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) Painéal Saineolaithe chun tabhairt faoin ról sin. Tugtar treochlár i dtuarascáil an Phainéil Saineolaithe, a foilsíodh an 15 Eanáir 2018, maidir le haistriú chuig samhail chistithe uilíoch athchóirithe atá níos follasaí, leanúnach thar na hinstiúidí ardoideachais, a spreagann gníomhartha i bpríomhréimsí mar thaighde agus soláthar STEM, agus a thacaíonn le cuntasacht níos fearr fad a léirítear meas ar neamhspleáchas institiúideach.

### **Freastal ar an éileamh ar scoileanna nua agus breis ionad scoile**

Críochnaíodh líon iomlán 46 tionscnamh ar scála mór sa bhliain 2017. I measc na dtionscadal sin bhí 35 foirgneamh scoile nua agus 11 síneadh ar scála mór. Chuir na tionscadail sin breis agus 13,200 ionad scoile sa bhreis ar fáil chomh maith le beagnach 5,600 ionad scoile athsholáthair. Cuideoidh na hionaid scoile breise a cuireadh ar fáil sa bhliain 2017 leis an riachtanas a shásamh sa Phlean Caipitil - Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021.

### **Dul chun cinn leis an gclár reachtaíochta**

Brúdh dhá phársa mhóra reachtaíochta ar aghaidh i rith 2017 chun bunús a thabhairt do straitéis na Roinne agus don chlár athchóirithe. Tabharfar éifeacht le Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta do na moltaí arna leagan amach sa Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas maidir le hearnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta, lena n-áirítear samhail nua d'Ollscoil Teicneolaíochta a fhorbairt. Táthar ag súil go gcríochnófar an Bille seo ag an gcéim Tuairiscithe sa Dáil i mí Eanáir 2018, agus go rachaidh sé ar aghaidh chuig an Seanad agus go n-achtófar é go luath ina dhiaidh sin. Tá dhá chuibhreannas Institiúidí Teicneolaíochta ag fanacht ar achtú na reachtaíochta sin agus é mar rún acu dul ar aghaidh

chuig an gcéim iarratais ar ainmniúchán mar Ollscoil Teicneolaíochta sa bhliain 2018. Tá an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), maidir le próiseas cinnteoireachta níos struchtúraí, níos córa agus níos follasaí ag scoileanna maidir le rollú a chinntiú, tugtha chun críche ag Céim an Choiste sa Dáil agus rachaidh sé ar aghaidh chuig Céim na Tuarascála go luath sa bhliain 2018. Táthar ag súil go dtarlóidh achtú i rith na bliana 2018.

I measc reachtaíocht eile a ndearnadh dul chun cinn uirthi sa bhliain 2017 bhí obair ar an mBille Oideachais (Cairt do Thuismitheoirí agus do Dhaltaí) chun foráil a dhéanamh do Chairt do Thuismitheoirí agus do Dhaltaí i ngach scoil agus an Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) lena gcuirfear leasú ar an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna a tháinig aníos maidir le scóip freagrachtaí QQI i ndáil le dámhachtainí a aithint agus soláthraithe príobháideacha agus poiblí a rialáil; lena chinntiú go mbeidh cosaint leordhóthanach ann d'fhoghlaimeoirí rollaithe sa chás go scoireann soláthraithe de chlár; agus chun níos mó údaráis a thabhairt d'Institiúidí Teicneolaíochta maidir le cáilíochtaí Leibhéal 9 a bhronnadh.

### **An Clár Oibre maidir le Seirbhísí Comhroinnte a Bhrú Chun Cinn**

Tá dul chun cinn maith déanta sa bhliain 2017 ag an tionscnamh seirbhísí comhroinnte chun párolla agus airgeadas a sheachadadh chuig na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna. Tá an tionscadal párolla imithe ar aghaidh chuig an gcéim forfheidhmithe, agus tá sé sna céimeanna deiridh de sholáthar córais TF chun an párolla seirbhísí comhroinnte a fheidhmiú. Aistrefar na BOOí chuig an tsamhail seirbhísí chomhroinnte do phárolla sa bhliain 2018. Tá an tionscadal airgeadais ag ullmhú iarratais ar thairiscint faoi láthair chun an córas TF don réiteach airgeadais do na BOOí a fháil. Déanfar na seirbhísí comhroinnte do na BOOí a sheachadadh ón Lárionad Seirbhísí Gnó Comhroinnte don Oideachas, atá á bhunú faoi láthair i mBaile Bhlainséir. Táthar ag earcú na foirne oibríochtaí faoi láthair. Tá dul chun cinn déanta freisin ar an obair ar sheirbhísí comhroinnte párolla don earnáil Ardoideachais. Rinneadh uasghrádú ar bhogearraí párolla trí EduCampus do na hInstitiúidí Teicneolaíochta, rud a thug cobhsaíocht do sheirbhísí don earnáil sin. Tugadh foireann tionscadail tiomnaithe ar bord chun na hathchóirithe a bhrú chun cinn agus sainaithníodh láithreán píolótach Ollscoile do sheirbhísí comhroinnte párolla aistrithe. Táthar ag súil go leanfar leis an bhfuinneamh seo sa bhliain 2018 agus ina dhiaidh sin agus buntáistí ag teacht chun cinn de réir mar a leabaítear na tionscnaimh sin.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar athchóiriú soláthair sa bhliain 2017, le tuilleadh forbartha ar an tSeirbhís Soláthair Oideachais, ag obair i dtreo seirbhís chomhroinnte soláthair ar fud na hearnála Oideachais agus Oiliúna, ag teacht le samhail na hOifige um Sholáthar Rialtais.

### **Cuid 3: Dul chun cinn i dtreo ghnóthú na gcúig sprioc straitéiseacha**

#### **1.0 SPRIOC 1: An t-eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimoirí a fheabhsú**

Baineann Sprioc 1 le timpeallachtaí foghlama a sholáthar do gach foghlaimoir a chuireann sláinte, folláine agus forbairt phearsanta chun cinn. Cuireann timpeallachtaí dearfacha, solúbtha agus freagrúla deiseanna ar fáil do gach foghlaimoir bheith rannpháirteach go hiomlán ina n-eispéireas oideachais agus oiliúna agus tairbhe uasta a bhaint as. Forbairt agus athbhreithniú ar churaclam agus ar mheasúnú, ag cumasú aistrithe agus ag cuimsiú chumhacht na dTeicneolaíochtaí Digiteacha ar feadh chontanam an oideachais agus na hoiliúna; is rithábhachtach iad le haghaidh torthaí níos fearr d'fhoghlaimoirí, don tsochaí agus don gheilleagar.

**Mar thoradh ar ghnóthú rathúil na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sprioc sin, ba cheart go rangófaí rátaí rannpháirtíochta, rátaí coinneála agus feidhmíocht dhaltaí na hÉireann ag gach leibhéal den chóras i measc na gceann is fearr san Eoraip.**

Rinneadh dul chun cinn maith sa bhliain 2017 i dtreo ghnóthú na sprice sin, go háirithe i ndáil leis na caighdeáin a bhain leanaí bunscoile Rang 4 na hÉireann amach, rud a léiríonn nach bhfuil tír ar bith san Eoraip níos fearr ná Éire i bhfeidhmíocht léitheoireachta ar leibhéal bunscoile. I measc na ngníomhaíochtaí a baineadh amach chun an t-eispéireas foghlama agus rath foghlaimoirí a fheabhsú sa bhliain 2017 bhí: foilsíú an Athbhreithnithe Eatramhaigh ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta agus leagan amach spriocanna uaimhianacha nua, go háirithe sa réimse uimhearthachta, rolladh amach an Churaclaim Theanga Nua (Gaeilge agus Béarla), sonraíochtaí nua a thabhairt isteach don Ghaeilge, do Theangacha Iasachta (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis) agus don Amharcealaín sa tSraith Shóisearach agus eisiúint Chéad Próifílí Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, rud a léirigh athrú ollmhór ar an mbeartas náisiúnta maidir le measúnú. Tugadh Clár Folláine nua isteach sa tSraith Shóisearach le tacaíocht ghníomhach agus forbairt a sholáthar do thionscnaimh Folláine, le forbairt ar theacht aniar meabhrach agus Folláine phearsanta a chur chun cinn i scoileanna. Tháinig ardú ar an líon síceolaithe oideachasúla agus feabhsúcháin ar an soláthar acmhainní i ndáil le Treoir Scoile Uile. Rinneadh tuilleadh rollta amach ar chlár do mhúinteoirí chun deacrachtaí iompraíochta a laghdú, cumas sóisialta agus mothúcháin á láidriú, agus déileáil chuí, teacht aniar agus ceangailteacht scoile a chur chun cinn i measc leanaí agus daoine óga (Blianta Dochreidte agus FRIENDS); agus bhí tuilleadh tacaíochta do rolladh amach an chreata curaclaim do na luathbhlianta (Aistear). Tháinig an Córas nua Ardteistiméireachta maidir le Grádú agus Scála Comónta Pointí i bhfeidhm sa bhliain 2017, agus rinneadh dul chun cinn ar an obair chun aistrithe a fheabhsú ar gach leibhéal den chóras oideachais agus oiliúna.

San Earnáil Bhreisoideachais, tugadh an chéad cheann i sraith athbhreithnithe neamhspleácha ar Bhreisoideachas agus Oiliúint lán-aimseartha chun críche ar an gClár iar-Ardteistiméireachta. Is é cuspóir na meastóireachtaí sin dul chun cinn éifeachtach foghlaimoirí a chinntiú, chomh maith le hábharthacht don mhargadh saothair. Tugtar bonn fianaise daingean i dtuarascáil na meastóireachta ar an gClár iar-Ardteistiméireachta, a rinne an ESRI, le bheith mar fhaisnéis ag forbairt beartais sa todhchá agus lena chinntiú go ndéanfar soláthar an Chláir iar-Ardteistiméireachta a phleanáil chun freastal ar riachtanais foghlaimoirí agus fostóirí, ag cur san áireamh na hathruithe go léir a tharla, go háirithe sa mhargadh saothair, ó bunaíodh an clár i lár na 1980í. Ag eascairt ón meastóireacht, tá sraith moltaí forbartha ag SOLAS, atá formhuinith ag an Roinn agus a thabharfar ar aghaidh laistigh de chlár trí bliana (2018-2020) chun soláthar an Chláir iar-Ardteistiméireachta ar ardchaighdeán a chinntiú, ag tacú le foghlaimoirí a spriocanna dul chun cinn agus fostaíochta a bhaint amach ach scileanna ardcháilíochta a sholáthar atá ag teacht le riachtanais an mhargaidh shaothair.

Cuireadh tús freisin i mbliana leis na meastóireachtaí neamhspleácha ar an gClár Ógtheagmhála agus leis an gcomh-mheastóireacht ar an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus ar Clár Oiliúna Sainscileanna (SST). Tá an mheastóireacht ar Ógtheagmháil, arna stiúradh ag an ESRI, le tabhairt chun críche sa bhliain 2018.

Foilsíodh torthaí an iar-shuirbhé leathbhliantúil, a choimisiúnaigh SOLAS, ar a láithreán gréasáin. Chuir sin leis an mbonn fianaise freisin le bheith mar fhaisnéis ag beartas agus le soláthar d'fhoghlaimoirí a fheabhsú. Dearbhaíodh tuairimí thar a bheith dearfacha i leith an tsoláthair FET tríd is tríd ag freagraí an chohóirt rannpháirtithe i gcláir oiliúna na bliana 2016. Tá an córas sonraí FET nua, An Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Cláir (PLSS), curtha i bhfeidhm go hiomlán ó thús na bliana, agus cuireann sé sonraí soiléire ar fáil ar na cláir atá á gcur ar fáil ag soláthraithe FET agus ar na torthaí dhul chun cinn oideachasúla agus fostaíochta d'fhoghlaimoirí. Beidh sé mar fhaisnéis do chinnteoireacht agus cuirfear ar chumas leis gníomhaíochtaí fianaise-bhunaithe a chur ar bun chun na cláir atá á gcur ar fáil san earnáil FET a fheabhsú.

## 1.1 Príomhtháscairí ar an dul chun cinn agus an rath maidir le Sprioc 1 sa bhliain 2017

<b>Litearthacht</b>	
<p>Léirítear i dtuarascáil PIRLS 2016 a foilsíodh sa bhliain 2017 go bhfuil daltaí Rang 4 na hÉireann i measc na ndaltaí is fearr san Eoraip agus i dtíortha OECD ó thaobh scileanna léitheoireachta de. Tá ardú 15 pointe tagtha ar scór gnóthachtála foriomlán daltaí Éireannacha sa léitheoireacht ón timthriall deiridh de staidéar PIRLS thiar sa bhliain 2011. Tháinig ardú ar an gcéatadán daltaí Éireannacha a bhfuil ardscoiléanna léitheoireachta acu ó 16% sa bhliain 2011 go 21% sa bhliain 2016, figiúr atá i bhfad níos airde ná an meánleibhéal idirnáisiúnta in PIRLS. Ghnóthaigh daltaí Éireannacha thar barr freisin sa mheasúnú léitheoireachta nua ar líne in ePIRLS. Ní raibh ach tír amháin eile ann a ghnóthaigh ní b'fhéarr ná Éire sa tástáil sin (Singeapór).</p> <p>Tá na torthaí seo ag teacht le roinnt tuarascálacha móra eile le déanaí, lena n-áirítear na Measúnuithe Náisiúnta ar Bhéarla, Léitheoireacht agus Matamaitic 2014 agus PISA 2015.</p>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Cion na ndaltaí ag feidhmiú ag leibhéal 5 nó níos airde don léitheoireacht in PISA a ardú go 12% faoin mbliain 2020 ó bhunús de 11.4% sa bhliain 2012.</p> <p>Cion na ndaltaí ag feidhmiú faoi bhun leibhéal 2 don léitheoireacht a dhaingniú ag 8.5% faoin mbliain 2020 ó bhunús 9.6% sa bhliain 2012.</p>	<p>Is é 10.7% an tomhas do PISA 2015.</p> <p>Is é 10.2% an tomhas do PISA 2015.</p>
<b>Uimhearthacht</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>An céatadán de dhaltaí ag tógáil matamaitice ag an ard-leibhéal ag deireadh na Sraithe Sóisearaí a mhéadú chuig 60% faoin mbliain 2020.</p> <p>An céatadán dhaltaí ag tógáil matamaitice ag an ard-leibhéal ag deireadh na Sraithe Sinsearaí a mhéadú chuig 30% faoin mbliain 2020 ó bhunús 22% sa bhliain 2012.</p> <p>Cion na ndaltaí ag feidhmiú ag Leibhéal 5 nó níos airde don mhatamaitic i PISA a mhéadú chuig 13% faoin mbliain 2020. B'é 10.7% an tomhas sa bhliain 2012.</p>	<p>B'é 55% an tomhas ag deireadh na bliana 2016 agus 57% ag deireadh na bliana 2017.</p> <p>Léirítear 28% sa tomhas sa bhliain 2016, agus 30% don bhliain 2017.</p> <p>Is é 9.8% an tomhas do PISA 2015.</p>

<p>Cion na ndaltaí ag feidhmiú faoi bhun leibhéal 2 don mhatamaitic i PISA a laghdú chuig 10.5% faoin mbliain 2020. B'é 16.9% an tomhas sa bhliain 2012.</p>	<p>Is é 15% an tomhas do PISA 2015.</p>
<p><b>Eolaíocht</b></p>	
<p><b>SPRIOC</b></p>	<p><b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b></p>
<p>Cion na ndaltaí ag feidhmiú ag leibhéal 5 nó níos airde don eolaíocht i PISA a mhéadú chuig 10% faoin mbliain 2020 ó bhunús 10.8% sa bhliain 2012.</p> <p>Cion na ndaltaí ag feidhmiú ag leibhéal 2 nó níos ísle don eolaíocht i PISA a laghdú chuig faoi bhun 10% faoin mbliain 2020 ó bhunús 11.1% sa bhliain 2012.</p>	<p>Is é 7.1% an tomhas do PISA 2015.</p> <p>Is é 15.3% an tomhas do PISA 2015.</p>
<p><b>Coinneáil</b></p>	
<p>Tá Éire faoi láthair sa dara háit i measc an AE28 do chéatadán na ndaoine idir aois 20-24 le hoideachas meánscoile uachtarach ar a laghad ag 94%. Léirítear i rátaí coinneála scoile na hÉireann go bhfuil rátaí críochnaithe scolaíochta na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh in Éirinn i measc na rátaí is airde san Eoraip. Is ionann líon foriomlán na luathfháglaithé ón oideachas agus oiliúin agus 6.3%, tá sé seo thíos faoi bhreis agus 40% ó 10.8% sa bhliain 2011, ag feabhsú rangú na hÉireann sa tomhas sin faoi 7 n-áit go dtí an 7ú háit san Eoraip. (AE-28).</p>	
<p><b>Gnóthachtáil</b></p>	
<p>Tá céatadán na ndaoine idir 20-24 bliana d'aois in Éirinn gurb é an leibhéal meánscoile uachtarach an leibhéal is airde oideachais atá acu ná ar an dara líon is airde san Eoraip ag 94%.</p>	
<p><b>SPRIOC</b></p>	<p><b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b></p>
<p>Gnóthachtáil threasach i measc na ndaoine idir aois 30-34 a mhéadú chuig 60% faoin mbliain 2020.</p>	<p>Tomhas sa bhliain 2016: 52.9% (Creat Feidhmíochta Córais).</p>



## Treisiú aistrithe

Tugadh córas grádaithe nua agus scéim pointí comónta nua isteach don Ardeistiméireacht B'ionann agus 964 é líon na dtairiscintí CAO ag leibhéal 8 sa bhliain 2017 (529 bealach iontrála á dtairiscint ag Ollscoileanna, 412 ag Institiúidí Teicneolaíochta agus 23 ag Coláistí). Is laghdú é sin ó 1,036 thiar sa bhliain 2014. Is é ceann de na spriocanna atá ag an gclár aistrithe ná líon na mbealaí iontrála a laghdú. Scóráladh 80,345 iarrthóir don CAO sa bhliain 2017 ach úsáid a bhaint as an Scála Pointí Comónta nua.

### SPRIOC

An líon iarrthóirí ag dul ar aghaidh go dtí an tArdoideachas agus Traenáilí seilbh cáilíochtí Breisoideachais (léirítear i gcéatadán na n-iarrthóirí nua san AO gurb í cáilíocht BO an bunús d'iontráil) a mhéadú go dtí 10% faoin mbliain 2019. B'é 6.6% an tomhas sa bhliain 2012.

### TOMHAS IS DÉANAÍ

Tomhas sa bhliain 2015: 6.4%

## Folláine

Méadaíodh líon na Síceolaithe SNSO agus méadaíodh leithdháileadh ama do scoileanna DEIS chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag foghlaimeoirí le riachtanais chasta foghlama agus mothúchána ag teacht chun cinn ar thacaíocht ó shíceolaí oideachasúil.

Cuireadh tús le soláthar an Chláir Folláine do gach dalta sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach i mí Mheán Fómhair 2017.

### SPRIOC

Síneadh leis an gclár múinteoireachta na mBlianta Dochreidte i mbunscoileanna DEIS. Méadú ar an rochtain ó c.20,000 foghlaimeoir i 130 scoil go dtí 104,000 foghlaimeoir i 646 scoil (2019).

Síneadh leis an gclár Cairde i scoileanna DEIS. Méadú ar an rochtain ó c.25,000 foghlaimeoir i 275 scoil go dtí 172,000 foghlaimeoir i 831 scoil DEIS, le 8,600 múinteoir rannpháirteach (2019).

### TOMHAS IS DÉANAÍ

Nollaig 2017: Chríochnaigh 1,100 múinteoir an oilúint, le 463 múinteoir tar éis an chéad 3 mhodúl den clár 6-mhodúl sin a chur i gcrích. (Tionchar féideartha ar 31,260 páiste).

Nollaig 2017: Tá an clár críochnaithe ag 1,193 múinteoir (le tionchar féideartha ar 23,860 dalta).

## **2.0 SPRIOC 2: Dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí i mbaol míbhuntáiste oideachasúil nó na bhfoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais a fheabhsú.**

Is bunphrionsabal dár gcóras oideachais agus oiliúna é an t-oideachas idirghabhálach. Is eochairbhearta iad an t-oideachas agus an oiliúint chun timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag Éirinn le blianta fada anuas chun tacaíocht a thabhairt do riachtanais éagsúla na ndaltaí de gach uile aois. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le cothromas agus comhionannas deiseanna a ardú, tá dúshlán mhóra ann go fóill má táimid chun a chinntiú go dtugtar dóthain tacaíocht do pháistí agus daoine ógaó chúlraí agus riachtanais éagsúla ionas go mbeidh rath orthu sa chóras oideachais.

Dearadh na gníomhaíochtaí faoi Sprioc 2 le torthaí oideachais na bhfoghlaimeoirí i mbaol míbhuntáiste oideachasúil nó na bhfoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais a fheabhsú.

**Ba mar thoradh ar ghnóthú rathúil na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sprioc seo ar chóir go n-éireoidh próifíl na bhfoghlaimeoirí ag bogadh tríd an gcóras oideachais ní b'ionadaíche den daonra i gcoitinne.**

Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis an toradh seo a ghnóthú i rith na bliana 2017 le hathbhreithniú ar DEIS le déanaí ag léiriú fíorfheabhsúcháin maidir le torthaí oideachasúla agus i ndul chun cinn na ndaltaí rannpháirteacha tríd an scolaíocht. Léiríodh go sonrach sa mheastóireacht ba dhéanaí ar DEIS arna foilsiú ag an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) feabhsúcháin sa Léitheoireacht agus Matamaitic i measc na ndaltaí i scoileanna DEIS. Ina theannta sin, feictear ráta coinneála an-fheabhsaithe sna scoileanna DEIS tar éis gan ach bearna díreach 3% idir scoileanna DEIS agus scoileanna neamh-DEIS ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus méadú faoi 14.5% sa ráta coinneála ag an leibhéal na hArdeistiméireachta ó tugadh DEIS isteach. I measc na ngnóthachtálacha eile faoin sprioc sin bhí cur i bhfeidhm DEIS 2017 lenar tugadh isteach modheolaíocht nua d'aithint scoileanna agus, dá bharr, aithníodh scoileanna nua do thacaíochtaí breise faoin gClár DEIS agus sraith spriocanna agus gníomhaíochtaí uailmhianacha chun tacú le páistí i mbaol míbhuntáiste oideachasúil; tugadh isteach chomh maith Ciste nua Sármhaitheasa Scoile chun cuir chuige nuálaíochta agus cruthaitheacha a spreagadh le go bhfeabhsófar torthaí na bhfoghlaimeoirí i dtús báire i scoileanna DEIS.

Tugadh samhail nua meastóireachta curaclaim agus samhail meastóireachta um sholáthar do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais isteach sa phríomhshruth le nótaí stiúrtha chun tuairiscí a dhéanamh níos inrochtana do thuismitheoirí; tugadh Samhail nua Leithdháilte Riachtanais Speisialta Oideachais do mhúinteoirí i scoileanna príomhshrutha isteach chun tacú le paistí le Riachtanais Speisialta Oideachais agus aistríodh go dtí an CNOS seirbhísí na Seirbhíse Tacaíochta Ionchuimsithe chun tacú le scoileanna i soláthar an oideachais do pháistí le riachtanais speisialta oideachais. Coimisiúnaíodh athbhreithniú ar an gClár Ógtheagmhála; foilsíodh tuairisc ar bhacainní do rannpháirtíocht sa Bhreisoideachas agus sa Bhreisoiliúint; tugadh isteach in athuair deontais chothabhála do na mic léinn iarchéime ba mhó faoi míbhuntáiste; athbhreithníodh an ciste do mhic léinn le míchumais san Ardoideachas agus foilsíodh athbhreithniú neamhspleách chun na tacaíochtaí agus na bacainní a aithint do thuismitheoirí aonair chun rochtain a fháil ar an Ardoideachas.

## 2.1 Príomhtháscairí um dhul chun cinn agus rath ar Sprioc 2 sa bhliain 2017

<b>Coinneáil (DEIS)</b>	
<p>Léirítear san anailís feabhsúcháin suntasacha iontacha i rátaí coinneála i scoileanna sa scéim DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh sna Scoileanna). Tá an bhearna sna rátaí coinneála chuig an Ardteistiméireacht ag laghdú go fóill idir scoileanna DEIS agus neamh-DEIS, ag titim faoi leath ó 16.8% don chohórt 2001 go 8.5% don chohórt 2010.</p>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
Rátaí coinneála 90% a ghnóthú i scoileanna DEIS dara leibhéal faoin mbliain 2025.	Ba é 83% an tomhas ba dhéanaí ar an gcohort 2014/15 (bliain iontrála 2009).
<b>Litearthacht (DEIS)</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Céatadán na ndaltaí rang a 6 i mbunscoileanna DEIS banda 1 ag scóráil ag leibhéal 1 nó níos ísle do litearthacht léitheoireachta i Measúnachtaí Náisiúnta don Bhéarla, Léitheoireacht agus Matamaitic a laghdú chuig 40% faoin mbliain 2020.</p> <p>Cion na ndaltaí 15 bliana d'aois in iar-bhunscoileanna DEIS ag feidhmiú ag Leibhéal 5 nó níos airde don litearthacht léitheoireacht in PISA a mhéadú chuig 10% faoin mbliain 2020.</p> <p>Cion na ndaltaí 15 bliana d'aois in iar-bhunscoileanna DEIS ag feidhmiú ag Leibhéal 1 nó níos ísle don litearthacht léitheoireachta in PISA a laghdú chuig 12% faoin mbliain 2020.</p> <p>Céatadán na ndaltaí rang a 6 i mbunscoileanna DEIS banda 1 ag leibhéal 3 nó níos airde á scóráil acu do litearthacht léitheoireachta i Measúnachtaí Náisiúnta don Bhéarla, Léitheoireacht agus Matamaitic a mhéadú chuig 27% faoin mbliain 2020.</p>	<p>B'é 63.5% an tomhas sa bhliain 2009 agus 47.3% sa bhliain 2014.</p> <p>B'é 4.8% an tomhas sa bhliain 2012 agus 7% sa bhliain 2015.</p> <p>B'é 25.4% an tomhas sa bhliain 2012 agus 16% sa bhliain 2015.</p> <p>B'é 11.9% an tomhas sa bhliain 2009 agus 21.3% sa bhliain 2014.</p>

<b>Uimhearthacht (DEIS)</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Céatadán na ndaltaí rang a 6 i mbunscoileanna DEIS banda 1 ag leibhéal 3 nó níos airde á scóráil acu don mhatamaitic i Measúnachtaí Náisiúnta don Bhéarla, Léitheoireacht agus Matamaitic a mhéadú chuig 27% faoin mbliain 2020.</p>	<p>B'é 12.9% an tomhas sa bhliain 2009 agus 18.7% sa bhliain 2014.</p>
<p>Céatadán na ndaltaí rang a 6 i mbunscoileanna DEIS banda 1 ag leibhéal 1 nó níos ísle á scóráil acu don mhatamaitic i Measúnachtaí Náisiúnta a laghdú chuig 42% faoin mbliain 2020.</p>	<p>B'é 66.4% an tomhas sa bhliain 2009 agus 47% sa bhliain 2014.</p>
<p>Cion na ndaltaí 15 bliana d'aois in iar-bhunscoileanna DEIS ag feidhmiú ag Leibhéal 5 nó níos airde don mhatamaitic in PISA a mhéadú chuig 10% faoin mbliain 2020.</p>	<p>B'é 5.2% an tomhas sa bhliain 2012 agus 6% sa bhliain 2015.</p>
<p>Cion na ndaltaí 15 bliana d'aois in iar-bhunscoileanna DEIS ag feidhmiú ag Leibhéal 1 nó níos ísle don mhatamaitic in PISA a laghdú chuig 16% faoin mbliain 2020.</p>	<p>B'é 37.3% an tomhas sa bhliain 2012 agus 22% sa bhliain 2015.</p>
<b>Rátaí Tinrimh (DEIS)</b>	
<p>Tá céatadán meánach na laethanta scoile cailte i scoileanna DEIS tar éis feabhsú beagáinín nó fanacht mar an gcéanna idir 2012/13 agus 2014/2015 (athrú de phointe céatadánach amháin). I gcomparáid le scoileanna neamh-DEIS is idir 1% agus 3% í an difríocht.</p>	

## Rochtain ar Ardoideachas

Léirítear sna sonraí is déanaí atá ar fáil ón UAO go bhfuil feabhas ag teacht ar rochtain ar an tríú-leibhéal do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. B'amhlaidh go sonrach a tháinig méadú ar líon agus sciar de dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ó 22% go 26%, agus de dhaltaí le míchumas ó 7% go 11% idir 2012/13 agus 2014/15. (Ó 9,147 go 11,189 agus ó 2,561 go 3,343 faoi seach).

### SPRIOC

An rannpháirtíocht san Ardoideachas de dhaoine ón ngrúpa oibríthe neamhláimhe (cohórt d'aois 18-20) a ardú go dtí 30% faoin mbliain 2019.

An rannpháirtíocht san Ardoideachas de dhaoine ón ngrúpa oibríthe láimhe leathoilte/neamhoilte (an grúpa oibríthe talmhaíochta ina measc, cohórt d'aois 18-20) a ardú go dtí 35% faoin mbliain 2019.

An rannpháirtíocht san Ardoideachas de mhic léinn aibí (líon na n-iontrálaithe aibí lán-aimseartha agus páirtaimseartha/solúbtha mar chéatadán d'iontrálaithe nua ar fad) a ardú go dtí 24% faoin mbliain 2019.

An rannpháirtíocht san Ardoideachas de daoine le míchumas (céatadán d'iontrálaithe nua ar fad san Ardoideachas) a ardú go dtí 8% faoin mbliain 2019.

An líon daoine den Lucht Siúil san Ardoideachas (iontrálaithe nua fochéime lánaimseartha agus páirtaimseartha) a ardú go dtí 80 faoin mbliain 2019.

### TOMHAS IS DÉANAÍ

Léirítear sa tomhas is déanaí sa bhliain 2012 an ráta seo ag 23%.

Léirítear sa tomhas is déanaí sa bhliain 2012 an ráta seo ag 26%.

B'é 19% an tomhas sa bhliain 2012, 15% sa bhliain 2015, 16% sa bhliain 2016.

B'é 6.4% an tomhas sa bhliain 2012 agus 7.8% sa bhliain 2015 agus 10.3% sa bhliain 2016.

B'é 35 mac léinn an tomhas sa bhliain 2012 agus 36 mac léinn sa bhliain 2015.

### 3.0 SPRIOC 3: Cabhrú leo siúd a chuireann seirbhísí oideachais ar fáil chun feabhsú go leanúnach

Is é caighdeán an tsoláthair cloch coirnéil an ratha sa chóras oideachais agus oiliúna. Aithnímid an príomhról a fheidhmíonn ceannairí, múinteoirí agus foireann tacaíochta; agus bímid ag iarraidh i gcónaí acmhainn an chórais a láidriú mar aonad le feabhas leanúnach a chinntiú agus oideachas agus seirbhísí oiliúna ar an gcaighdeán is airde a sholáthar d'fhoghlaimoirí. Aithnítear go hidirnáisiúnta caighdeán an chórais oideachais in Éirinn, ach ní foláir dúinn feabhsú go leanúnach le go mbeimid ar an gcóras oideachas is fearr.

**De thoradh ar ghnóthú rathúil na ngníomhaíochtaí maidir leis an sprioc seol, beidh ceannaireacht, bainistiú, creata cáilíochta, modhanna múinteoireachta agus oiliúint tosaigh agus leanúnach ag feidhmiú ag an gcaighdeán is airde thar an leanúntas de sholáthar oideachais agus oiliúna. Aithneofar nuálaíocht agus sármhaitheas, agus roinnfear agus déanfar ceiliúradh ar thaití.**

Rinneadh dul chun cinn maith i rith 2017 chun an sprioc sin a bhaint amach lenar áiríodh: athruithe ar na híosriachtanais iontrála do chlár oiliúna d'oidí bunscoile chun a chinntiú go mbíonn an cumas ag múinteoirí bunscoile foghlaim a stiúradh sna limistéir rithábachtacha den Mhatamaitic, Béarla agus Gaeilge; foilsiú na tuairisce ar an líon múinteoirí ag teastáil ón gcóras scoile "Striking the Balance" (Soláthar Múinteoirí in Éirinn: Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Teicniúil) agus cuireadh tús le cleachtas pleanála an fhórsa saothair do dhaoine ag obair i soláthar na Luathbhlianta. Tháinig méadú ar líon na gCigireachtaí Luathbhlianta agus tuairiscí foilsithe, agus cuireadh thart ar 1500 cigireacht scoile ar bun sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna. Chuir an Lárionad Ceannaireachta Scoile réimse ní ba leithne tacaíochta ar fáil, ina lenar áiríodh clár meantóireachta nua do Phríomhoidí nuacheaptha, Dioplóma Iarchéime nua i gCeannaireacht Scoile do cheannairí uaimhianacha scoile agus seirbhís ghairmiúil oiliúna a thabhairt isteach do Phríomhoidí feidhmeacha. Forbraíodh Nósanna Imeachta leasaithe um Chosaint Leanaí in am do thosach feidhme an tAcht um Thús Áite do Leanaí.

D'fhoilsigh an UAO an Tuarascáil um Fheidhmíocht Córais 2014-2017 i mí Eanáir na bliana 2018 ina ndéantar athbhreithniú ar fheidhmíocht an chórais Ardoideachais Éireannaigh sna blianta 2014-2017. Táthar den tuairim sa Tuarascáil go bhfuil an córas tar éis feidhmiú go maith in ainneoin an chomhshaoil dhúshlánaigh le deich mbliana anuas. Tá méadú tagtha ar líon na ndaltaí, agus cothabhladh feidhmíocht na rannpháirtíochta taighde agus fiontraíochta. Tá fianaise ann áfach go bhfuil dúshlán leanúnacha romhainn. Foilsíodh Creat Feidhmíochta Córais 2018-2020 nua chomh maith i mí Eanáir na bliana 2018 le sé eochairspríoc leagtha amach ag an Rialtas le bunús an chéad leagan eile den idirphlé straitéiseach idir an UAO agus na hInstitiúidí Ardoideachas a fhorbairt.

Laistigh den earnáil BOO, bunaíodh grúpa stiúrtha, le hionadaíocht ó BOOí, BOOÉ agus SOLAS agus faoi chathaoirleacht na Roinne, chun ceannaireacht a thabhairt ar chur i bhfeidhm an chéad Straitéis Forbartha Ghairmiúil BOO (2017-2019). Rinneadh saothar taighde agus forbartha i mbliana sna limistéir Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT), Ceannaireacht agus Bainistiú, Dearbhú Cáilíochta, TFC agus Rannpháirtíocht Fiontraíochta le bonn eolais a chur faoi fhorbairt tionscnamh sna limistéir sin, chun tosú sa bhliain 2018. Leanadh ar aghaidh leis an saothar chomh maith i bpleanáil, taifeadadh, agus rianú ar fhorbairt ghairmiúil san earnáil chun comhaontú agus treoirthionscadail a éascú sa bhliain 2018.

### 3.2 Príomhtháscairí um dhul chun cinn agus rath ar Sprioc 3 sa bhliain 2017

<b>Cigireachtaí</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
Líon na gCigireachtaí dírithe ar na Luathbhlianta a mhéadú go 600 sa bhliain 2017 ón mbunús de 22 sa bhliain 2015. Rinneadh 491 acu faoi dheireadh na bliana 2016.	Rinneadh 1,191 cigireacht faoi dheireadh na bliana 2017 - 491 sa bhliain 2016 agus 700 sa bhliain 2017.
1,000 tuairisc cigireachta Luathbhlianta a fhoilsiú sa bhliain 2017 ón mbunús de 200 sa bhliain 2016.	1,003 tuairisc cigireachta a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne.
Timpeall 1500 cigireacht bunscoile agus iar-bhunscoile a stiúradh.	4,519 cigireacht a dhéanamh ar scoileanna aitheanta, ionaid d'oidreachas agus suíomhanna eile faoi dheireadh na bliana 2017.
Tacú le scoileanna i gcur i bhfeidhm an phróisis Féin-Mheastóireachta Scoile.	Réimse ábharthachta a sholáthar do scoileanna agus 202 cuairt tugtha ar 10 mbunscoil agus 192 iar-bhunscoil: níor leanadh le cuairteanna ar bhunscoileanna de bharr Treorach INTO i gcoinne rannpháirtíochta.
<b>Ceannaireacht</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
Oiliúint ghairmiúil a sholáthar do 400 Príomhoide sa bhliain 2017.	Bhí 347 Príomhoide rannpháirteach sa tseirbhís sa bhliain 2017.
183,000 aonad Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) a thairiscint sa bhliain 2017. Ba é 129,702 an tomhas sa bhliain 2012 agus 206,217 sa bhliain 2016.	225,000 meastachán) aonad FGL a sholáthar i rith na bliana 2017.
Rolladh amach cláir mheantóireachta do gach Príomhoide scoile nuacheaptha.	257 múinteoir a chlárú ar Dhioplóma nua larchéime i gceannaireacht scoile (leibhéal 9) Meán Fómhair 2017  Beidh rochtain ag gach Príomhoide scoile nuacheaptha ar mheantóir ó mhí Mhéan Fómhair 2017 ar aghaidh.

## Cnuasú don nuálaíocht agus sármhaitheas

Táthar tar éis Cnuasaigh Scoile don Chiste Sármhaitheasa Scoileanna, Cnuasaigh IAO faoi straitéis ardoideachais, agus Cnuasaigh BOO d'fhorbairt Printíseachta a thionscnamh.

### 4.0 SPRIOC 4: Naisc níos láidre idir an lucht oideachais agus an pobal mór a thógáil.

Bíonn scoileanna, institiúidí oideachais agus oiliúna agus soláthróirí ag croílár a bpobal. Baineann Sprioc 4 le nascálacha níos láidre a thógáil, cnuasaigh a bhunú agus dea-chleachtas a chomhroinnt chun torthaí níos fearr agus buntáistí a bhaint amach do chách. Caithfidh ár seirbhís oideachais bheith in ann freagra a thabhairt ar na riachtanais, roghanna agus ionchais athraitheacha dár gcomhthéacs domhanda athraitheach. Baineann eochairthábhacht le rannpháirtíocht rathúil fiontraíochta chun méadú na n-oiliúnachtaí agus na bprintíseachtaí a stiúradh, chun a chinntiú go mbíonn na socrúcháin oibre agus tionscadail saothar-bhunaithe ina ngnéithe ábhartha, agus chun éagsúlacht deiseanna san fhoghlaim níos faide ná an scoil a mhéadú.

Tuigtear go mbeidh an taighde, forbairt agus nuálaíocht mar bhunchloch le forbairt gheilleagrah agus sóisialta na hÉireann sna blianta amach romhainn. Is mian linn tallann a mhealladh ón domhan uile chuig ár n-institiúidí oideachais, dul i ngleic le taighde agus comhshaothair den chéad scoth; agus teastaíonn uainn a chinntiú go mbíonn caighdeán cháilíochta agus dea-chleachtas idirnáisiúnta ann d'fhoghlaimoirí in Éirinn.

**De thoradh ar ghnóthú rathúil na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sprioc seo is amhlaidh a bheidh nascálacha níos láidre ann idir oideachas agus an pobal níos leithne, go háirithe tuismitheoirí, fostóirí, agus an pobal idirnáisiúnta, a rachaidh chun tairbhe foghlaimoirí, na sochaí agus an gheilleagair. Beidh rogha níos fearr ann maidir le cineál scoile, agus beidh guth níos láidre ag tuismitheoirí agus daltaí sa chóras. Beidh naisc níos láidre leis an lucht tionscail, óna dtiocfaidh bonn sárchumais níos fearr, agus beidh foghlaimoirí ullmhaithe le bearnaí scile a líonadh i limistéir chriticiúla. Beidh tallann idirnáisiúnta á mealladh chuig ár n-institiúidí ardoideachais agus beidh siad ag dul i ngleic le taighde den chéad scoth.**

Áiríodh leis an dul chun cinn i dtreo ghnóthú na sprice sin sa bhliain 2017: osclaíodh scoileanna nua a úsáid prótacal chun dóthain éagsúlachta a chinntiú i líon agus raon na mbunscoileanna i leith gach reiligiún agus gan reiligiún ar bith; fógraíodh próiseas nua Athchumraíochta Scoile don Éagsúlacht chun scoileanna reatha a chumasú chun pátrúnacht a aistriú mar a mbíonn dóthain éilimh agus tá saothar tar éis bheith déanta ar an reachtaíocht a chuireann taca faoi thabhairt isteach Cairte Tuismitheoirí agus Daltaí i ngach aon scoil. Foilsíodh treoirilínte d'úsáid fhoirgnimh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile, agus foilsíodh Prótacal leasaithe chun a chinntiú nach ndúnann scoil bheag ar bith i gcoinne toil na dtuismitheoirí. Seoladh An Chomhairle Náisiúnta Scileanna agus naoi bhFóram Scileanna Réigiúnacha, sholáthair Springboard+ 6,471 ionad do dhaoine difhostaithe ag ath-sciliú agus ag uas-sciliú ar 208 cúrsa, 1,040 acu siúd mar ionaid ar chúrsaí Thiontú TFC; rinneadh athbhreithniú ar 12 ceird oilte reatha, bhí 26 printíseacht nua faofa d'fhorbairt agus forbraíodh 8 gcúrsa oiliúnachta gairme. Tacaíodh le teagmháil mhéadaithe sa cheol, drámaíocht, agus códú trí sheoladh Óige Ildánach, síneadh leis an tionscadal Glúin an Cheoil ar fud na tíre faoin mbliain 2022 agus tosú an tionscnaimh *Arts Rich Schools* (ARIS).



#### 4.1 Príomhtháscairí um dhul chun cinn agus rath ar Sprioc 4 sa bhliain 2017

<b>Rogha Scoile</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
Líon na scoileanna il-/neamh-shainchreidmheach a mhéadú go 400 faoin mbliain 2030.	Is ionann an líon scoileanna il-/neamh-shainchreidmheach atá ann faoi dheireadh na bliana 2017 agus 151.
<b>Nuálaíocht, fiontraíocht agus taighde a láidriú</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Taighde a leathnú trí chlár nua iomaíoch Taighde beag beann ar Theorainneacha. Sprioc chun 24 gradam a dheonú sa bhliain 2017.</p> <p>Rollú iarchéime taighde a mhéadú go 475 ionad deonaithe faoin mbliain 2020 ó 282 sa bhliain 2012. Léirítear sa tomhas 275 ionad deonaithe sa bhliain 2016.</p> <p>An líon ionad iardhochtúireachta maoinithe (cláir chomhpháirtíochta fiontraíochta) a mhéadú go dtí 32 faoin mbliain 2020 Léirítear sa tomhas 12 ionad comhpháirtíochta fostóra deonaithe sa bhliain 2016.</p>	<p>Níor críochnaíodh an próiseas measúnaithe don chlár seo sa bhliain 2017. Deonófar dámhachtainí sa bhliain 2018.</p> <p>Meastar go raibh 271 dámhachtain sa bhliain 2017.</p> <p>Léirítear sa tomhas 13 dámhachtain comhpháirtíochta fostóra sa bhliain 2017.</p>
<b>Aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>An líon ionad Springboard+ a mhéadú faoi 30% faoin mbliain 2021 sna hollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta araon. Ó bhunús 4836 ionad sa bhliain 2011/2012. Sprioc chun 4,476 ionad Springboard+ a chur ar fáil sa bhliain 2017/2018.</p> <p>Scileanna TFC a mhéadú trí sholáthar ionad ar chúrsaí tiontuíthe scileanna TFC, mar chuid de Springboard+. 1,995 ionad a thairiscint sa bhliain 2017/2018. Ba é 1,133 an tomhas do 2015/2016 agus 1,650 sa bhliain 2016/17.</p>	<p>Cuireann Springboard+ 2017 6,471 ionad ar fáil ar 208 cúrsa thar an mbliain acadúil 2017/18</p> <p>1040 cúrsa tiontuíthe TFC tairgte sa bhliain 2017/2018</p>

<p>Líon deiseanna BOO arna dtairiscint a mhéadú go 320,000 sa bhliain 2017 ó bhunús 263,276 sa bhliain 2012.</p> <p>An líon d'uas-sciliú laistigh den fhostaíocht, trí Skillnets+ a mhéadú chuig breis agus 43,000 sa bhliain 2017 ó bhunús de 37,293 sa bhliain 2012. Ba é 44,413 an tomhas sa bhliain 2016.</p>	<p>Bhí 338,427 tairbhí sa BOO ann sa bhliain 2016. Beidh an líon tairbhíthe sa bhliain 2017 ar fáil i mí Aibreáin 2018.</p> <p>Ba é 48,900 an tomhas sa bhliain 2017.</p>
<b>Printíseachtaí</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>13 Printíseacht nua a fhorbairt sa bhliain 2017.</p> <p>800 clárúchán nua ar chlár nua printíseachtaí a mhealladh sa bhliain 2017.</p> <p>An líon clárúchán nua ar phrintíseachtaí ceirde a mhéadú go 4,147 sa bhliain 2017 ó bhunús 1430 sa bhliain 2012.</p> <p>9,000 clárúchán printíseachta bliantúil nua a dhúbailt faoin mbliain 2020) le 78 printíseacht ar leithligh ann.</p>	<p>Cuireadh tús le 3 phrintíseacht nua sa bhliain 2017</p> <p>Ba é 82 clárúchán nua an tomhas sa bhliain 2016 agus 32 ceann sa bhliain 2017.</p> <p>Taifeadadh 3,742 clárúchán nua sa bhliain 2016 agus 2,200 sa bhliain 2017.</p> <p>Breis agus 4,500 sa bhliain 2017</p>
<b>Oiliúnachtaí</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Breis rogha a thairiscint trí 2 oiliúnacht nua a fhorbairt sa bhliain 2017, ionas go mbeidh líon iomlán 28 oiliúnacht ann.</p> <p>200 clárúchán a mhealladh ar oiliúnachtaí nua/athsheolta</p> <p>2,400 clárúchán ar oiliúnachtaí reatha.</p>	<p>Forbraíodh 4 oiliúnacht nua sa bhliain 2017, agus 30 san iomlán ann dá bharr.</p> <p>Léiríodh 234 clárúchán faoi lárphointe na bliana 2017.</p> <p>Sa bhliain 2017 bhí 2,718 clárúchán iomlán ar oiliúnachtaí nua/athsheolta (234) agus reatha (2,484).</p>

<b>Foghlaim fadsaoil</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Líon na n-iontrálaithe AO (iomlán) ag déanamh staidéir ar bhonn solúbtha a mhéadú go 22% faoin mbliain 2019 agus 25% faoin mbliain 2021. Léirítear 19% sa tomhas don bhliain 2015/2016</p> <p>Líon na n-iontrálaithe AO ag déanamh staidéir ar bhonn solúbtha a mhéadú faoi 25% faoin mbliain 2021</p>	<p>Léirítear 20% sa tomhas don bhliain 2016/2017.</p> <p>Is foghlaimeoirí solúbtha iad 20% nó 45,018 de na clárúcháin iomlána sa bhliain 2016/17.</p>
<b>Idirnáisiúnta</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú go 44,000 mac léinn faoin mbliain 2020.</p> <p>Earnáil na múinteoireachta Béarla a mhéadú go 132,500 mac léinn faoin mbliain 2020.</p> <p>An luach aschur d'idirnáisiúnú a mhéadú go €1.15bn in aghaidh na bliana faoin mbliain 2020</p> <p>Mic léinn idirnáisiúnta mar 15% de líon na mac léinn iomlán lánaimseartha faoin mbliain 2020.</p>	<p>Léiríodh 33,018 mac léinn sa tomhas sa bhliain 2014/2015.</p> <p>Léiríodh 106,000 mac léinn sa tomhas sa bhliain 2014/2015.</p> <p>B'ionann an bhonnlíne don Straitéis Idirnáisiúnta Oideachais agus €819m sa bhliain 2014/15</p> <p>B'amhlaidh sa bhliain 2016/17 ar mhic léinn idirnáisiúnta iad 11.6% d'iomlán na mac léinn lánaimseartha in institiúidí ardoideachais maoinithe ag an UOA</p>
<b>Láidriú caidreamh le fostóirí</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Rátaí sástachta fostóra maidir le comhpháirtíocht idir IOA agus lucht fiontair a mhéadú faoi 25% mar atá rianaithe sa Suirbhé Náisiúnta Fostóra</p>	<p>Comhlachtaí &lt;50 fostaí: Rátáil 55% acu go raibh comhpháirtíocht go maith/han-mhaith Comhlachtaí idir 51 - 250 fostaí: Rátáil 60% acu go raibh comhpháirtíocht go maith/han-mhaith Comhlachtaí &gt;251+ fostaí: Rátáil 75% acu go raibh comhpháirtíocht go maith/han-mhaith</p>

Rannpháirtíocht in Erasmus+ in Ardoideachas agus socrúcháin staidéir agus oibre eile thar lear chun 4,400 a ghnóthú faoin mbliain 2022 i gcomhréir le Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta.	3,135 sa bhliain 2016
<b>Taighde</b>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
Méadú faoi 500 clárúchán nua taighde iarchéime i ndisciplíní bainteach le fiontraíocht agus riachtanais eile náisiúnta faoin mbliain 2020.	Léirítear 2,235 sa tomhas sa bhliain 2014/2015

## 5.0 SPRIOC 5: Seirbhísí tacaíochta agus pleanála náisiúnta a fheabhsú

Tá ról tábhachtach ag an Roinn agus a gníomhaireachtaí i soláthar ceannaireachta straitéisí, forbairt beartais agus seachadadh seirbhísí. Baineann comhordú le geallsealbhóirí earnálacha, leis an earnáil phoiblí go ginearálta, leis an gcóras polaitiúil agus le forais eile Rialtais agus cláir oibre tras-earnálacha leis sin. Cuimsíonn sainchúram na Roinne oideachas na luathbhlianta, oideachas bunleibhéil agus dara leibhéal, Breisoideachas agus Breisoiliúint agus Ardoideachas, lena n-áirítear tacaíochtaí do thaighde agus oideachas idirnáisiúnta.

**Is mar thoradh ar ghnóthú rathúil na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sprioc seo a bheidh an Roinn agus a gníomhaireachtaí ag obair i gcomhpháirtíocht agus i gcomhairliúcháin leis na struchtúir chearta a thógáil, na beartais chearta a fhorbairt, na huirlisí cearta cistithe a úsáid, na seirbhísí cearta tacaíochta a chur ar fáil agus a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil.**

Tá dul chun cinn maith déanta i dtreo ghnóthú na sprice sin sa bhliain 2017 le 86% de na 142 gníomhaíocht ón bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 bainte amach go rathúil cheana féin. Áirítear leis na gníomhaíochtaí le gnóthú chun cur le pleanáil agus tacaíocht náisiúnta a fheabhsú 46 tionscadal ar scála mór ag cur breis agus 13,200 ionad scoile sa bhreis ar fáil chomh maith le beagnach 5,600 athionad scoile; iompraíodh 114,000 páiste, 10,000 páiste le riachtanais speisialta oideachais ina measc, chun agus ón scoile ar bhonn laethúil; fuair 109,000 duine íocaíochtaí párolla agus pinsin go coicísiúil i rith na bliana. Maidir le forbairt na seirbhísí comhroinnte, cuireadh saothar chun cinn ar fhorbairt na seirbhísí comhroinnte do phárolla agus airgeadas don earnáil, agus bunaíodh an láthair don Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais (ESBS); bunaíodh Lárionad Feabhais do Seirbhísí Comhroinnte Dlí chun tacaíocht a thabhairt do na BOOí agus leathnaíodh comhairle agus tacaíocht láraithe um bainistiú agus rialú airgeadais tríd an Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) le go gcuimseofaí bunscoileanna ina measc. Cumasaíodh le feabhsúcháin ar POD agus PPOD, bunachar sonraí lárnach scoileanna na Roinne, réamhchlárúchán do bhunscoileanna agus taifeadadh measúnuithe le heisiúint Dheonuithe Phróifíl Ghnóthachtála don tSraith Shóisearach a éascú faoi seach. Rinneadh dul chun cinn maith maidir le forbairt príomhreachtaíochta le dhá leasú reachtúla mhóra don Bhille Oideachas (Ligean Isteach i Scoileanna) agus don Bhille Ollscoileanna Teicneolaíochta, a bhfuiltear ag súil lena n-achtachán sa bhliain 2018.

## 5.1 Príomhtháscairí um dhul chun cinn agus rath ar Sprioc 5 sa bhliain 2017

<b>Iompar Scoile</b>	
<p>Ag obair le Bus Éireann, iompraíodh thart ar 114,000 páiste ar bhonn laethúil sa bhliain 2017, 10,000 páiste le riachtanais speisialta oideachais ina measc, ag cur seirbhísí iompair scoile sábháilte, éifeachtach agus cost-éifeachtach ar fáil do pháistí incháilithe.</p>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Iompar scoile sábháilte, éifeachtach agus costéifeachtach chur ar fáil ar breis agus 6,000 bealach sa bhliain 2017</p>	<p>Rith iompar scoile 6,400 bealach sa bhliain 2017.</p>
<b>Clár Tógála Scoile</b>	
<p>Críochnaíodh líon iomlán de 46 tionscadal ar scála mór sa bhliain 2017. I measc na dtionscadal sin bhí 35 foirgneamh scoile nua agus 11 síneadh ar scála mór. Chuir na tionscadail sin breis agus 13,200 ionad scoile sa bhreis ar fáil chomh maith le beagnach 5,600 ionad scoile athsholáthair. Cuideoidh na hionaid scoile breise a cuireadh ar fáil sa bhliain 2017 leis an riachtanas ar tugadh achoimre orthu sa phlean - Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021 a shásamh.</p>	
<b>SPRIOC</b>	<b>TOMHAS IS DÉANAÍ</b>
<p>Éileamh déimeagrafach a shásamh trí sholáthar 14,000 ionad buan bunscoile sa bhreis agus 4,000 ionad athsholáthair bunscoile sa bhliain 2017.</p>	<p>Cuireadh 13,834 ionad buan scoile sa bhreis (9,876 tionscadal ar scála mór, 3,958 ionad cóiríochta sa bhreis) ar fáil i mbunscoileanna sa bhliain 2017.</p>
<p>Éileamh déimeagrafach a shásamh trí sholáthar 4,500 ionad buan iar-bhunscoile sa bhreis agus 1,000 ionad athsholáthair iar-bhunscoile sa bhliain 2017.</p>	<p>Cuireadh 4,468 ionad buan iar-bhunscoile sa bhreis (3,325 tionscadal ar scála mór, 1,143 scéim cóiríochta sa bhreis agus 1,350 ionad athsholáthair) ar fáil in iar-bhunscoileanna sa bhliain 2017.</p>
<p>130 tionscadal sínidh/athchóirithe do bhunscoileanna a chríochnú.</p>	<p>Críochnaíodh 134 tionscadal sínidh/athchóirithe i mbunscoileanna sa bhliain 2017 (6 shíneadh ar scála mór, 128 tionscadal cóiríochta sa bhreis).</p>
<p>35 tionscadal sínidh/athchóirithe d'iar-bhunscoileanna a chríochnú.</p>	<p>Críochnaíodh 36 tionscadal sínidh/athchóirithe in iar-bhunscoileanna sa bhliain 2017 (5 shíneadh ar scála mór, 31 tionscadal cóiríochta sa bhreis).</p>

<p>29 bunscoil nua/athsholáthair a thógáil.</p> <p>6 iar-bhunscoil nua/athsholáthair a thógáil.</p>	<p>Críochnaíodh 29 bunscoil nua/athsholáthair sa bhliain 2017.</p> <p>Críochnaíodh 6 iar-bhunscoil nua/athsholáthair sa bhliain 2017.</p>
<p>Cuireadh seirbhísí párolla agus pinsean ar fáil do mhúinteoirí agus baill foirne scoile i ngach scoil (seachas an earnáil BOO), ag dáileadh íocaíochtaí le 109,000 duine gach coicís i rith na bliana 2017.</p>	
<p><b>Pátrúnacht</b></p>	
<p>Bunaíodh 7 scoil nua sa bhliain 2017, 3 bhunscoil nua il-sainchreidmheacha agus ceithre iar-bhunscoil nua.</p> <p>D'fhógair scoil amháin go deonach go raibh sí á haistriú lena hathoscailt í faoi phátrúnacht an BOO mar phobalscoil náisiúnta ó mhí Mheán Fómhair 2017.</p>	

Aguisín: Gníomhartha Aibhsithe gnóthaithe faoi gach sprioc

### Sprioc 1: An t-eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimoirí a fheabhsú

#### R1

- Foilsíodh an tAthbhreithniú Idirlinne ar an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta an 14 Márta
- €30m leithdháilte ar gach scoil incháilithe i R1 2017 do sholáthar trealaimh TFC faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020

#### R2

- An chéad scrúdú ar Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, ag marcáil cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach den chéad uair.
- Straitéis Dhigiteach do Scoileanna - Plean Gníomhaíochta 2017 seolta, dírithe ar dheiseanna na teicneolaíochta digití sa seomra ranga a uasmhéadú
- Tá tús curtha le ceapachán 10 síceithelaí oideachais sa bhreis sa bhliain 2017 do scoileanna DEIS
- Cuireadh an chéad bhabhta de ghné treochláir Aistear Forbairt Ghairmiúil Leanúnach mar chuid den tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear ar fáil do 350 cleachtóir, ag tacú le cleachtóirí i gcur i bhfeidhm an Chreata Aistear, creat curaclaim do shuíomhanna luathbhlianta
- Foilsíodh an Suirbhé um Scileanna Saoil 2015, ag cur eolais ar fáil maidir leis an mbealach a fhreastalaíonn bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar shláinte a mac léinn
- Cuireadh tús leis an Scéim Aitheantais mar Scoil Gaeltachta, agus is í an aidhm atá aici ná oideachas ábhartha agus ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga i scoileanna Gaeltachta

#### R3

- Tugadh Clár Folláine isteach i ngach scoil sa tSraith Shóisearach le tacaíocht ghníomhach a thabhairt agus tionscnaimh folláine a chur chun cinn le teacht aniar agus folláine phearsanta a fhorbairt i scoileanna
- Leathnú ar an gClár Múinteoirí Blianta Dochreidte agus Clár na gCairde go dtí na scoileanna DEIS. Saothraítear sna cláir sin chun deacrachtaí iompraíochta a laghdú, cumas sóisialta agus mothúchánach á láidriú, agus déileáil le deacrachtaí, teacht aniar agus ceangailteacht scoile a chur chun cinn i measc páistí agus daoine óga
- Cuireadh tús le sonraíochtaí nua na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge, do Nuatheangacha (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis) agus d'Amharc-Ealaín i Meán Fómhair 2017.
- Feabhsúcháin i soláthar acmhainní maidir le Treoir Scoile Uile. Cuirfear san áireamh sna Pleananna Treoraithe leithdháileadh sonrach do chomhairleoirí teorach chun bheith ar fáil do chomhairleoireacht duine le duine agus leithdháileadh ama don ról le tacaíocht a thabhairt d'eagrúchán agus saothar na Foirne Tacaíochta Mac Léinn
- Tháinig an Córas nua do ghrádú na hArdteistiméireachta agus Scála Comónta Pointí i bhfeidhm sa bhliain 2017. Rinne breis agus 58,000 mac léinn na Scrúduithe Ardteistiméireachta sa bhliain 2017 agus rinneadh marcáil orthu faoin scála grádaithe nua 8 mbanda. Rinneadh grádú ar 80,345 iarratasóir chuig an CAO sa bhliain 2017 ag úsáid an Scála nua Pointí Comónta
- Cuireadh tús le leathnú amach na sraithe léitheoireachta/scribhneoireachta den Bhunchuraclam nua Teanga (Gaeilge agus Béarla) do Naíonáin Sóisearacha go Rang a 2 i mí Mheán Fómhair 2017.



#### R4

- Foilsíodh Ráiteas Beartais ar Oideachas STEM 2017-2026 agus An Plean Forfheidhmithe STEM 2017-2019 an 27 Samhain inar leagadh amach an cuspóir go mbeidh Éire ina ceannaire Eorpach san oideachas STEM faoin mbliain 2026.
- Foilsíodh Languages Connect - Straitéis na hÉireann maidir le Teangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026 agus an Plean Forfheidhmithe 2017-2022, inar leagadh amach na beartais chun líofacht a fheabhsú, méadú líon na dteangacha á múineadh agus méadú na gclár tumoideachais.
- Tugadh Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta isteach le glao eisithe chuig scoileanna i mí na Samhna ag iarraidh orthu rannpháirt a ghlacadh i rolladh amach chéim 1 ó R3 2018.
- Dámhadh Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (JCPA) ar an gcéad chohórt foghlaimeoirí tuairim 60,000 mac léinn.
- Cuireadh tús le tástáil a dhéanamh ar an ngné mheasúnaithe phraiticiúil de shonraíochtaí nua do Bhitheolaíocht, Fisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta.
- Críochnaíodh uasghrádú leathanbhanda i 1,100 bunscoil faoin gClár Rochtana ar Leathanbhanda le haghaidh Scoileanna.
- Forbraíodh Creat Foghlama Digití agus cuireadh ar fáil é do gach scoil. Tacaítear sa Chreat le hoideachas ar ardchaighdeán faoi stiúir ag teicneolaíochtaí digiteacha ina gcuirtear rannpháirtíocht ghníomhach an fhoghlaimora chun cinn i réimse níos leithne de ghníomhaíochtaí foghlama. Cuireadh tús le tástáil ar an gCreat i 50 scoil agus tá próiseas meastóireachta neamhspleách mar thionlacan leis.
- Foilsíodh Treoirínite Pleanála don Fhoghlaim Dhigiteach nua. Cuideoidh na Treoirínite sin le scoileanna i bhforbairt Plean Scoile Uile don Phlean Fghlama Dhigití

#### Spríoc 2: Dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí i mbaol míbhuntáiste oideachasúil nó na bhfoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais a fheabhsú

##### R1

- Seoladh an Plean Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh sna Scoileanna i mí Feabhra 2017. Leagtar spriocanna nua amach sa Phlean chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú; rátaí críochnaithe scoile a fheabhsú; dul ar aghaidh chuig ardoideachas agus breisoideachas a fheabhsú
- Cuireadh tús le cur i bhfeidhm na samhla nua um leithdháileadh chun ligean do leithdháileadh múinteoirí i scoileanna príomhshrutha chun tacú le páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais
- Tá seirbhísí uile na Seirbhíse Tacaíochta Ionchuimsithe, a chabhraíonn le scoileanna i soláthar oideachais do pháistí le riachtanais speisialta oideachais, arna n-aistriú ón Roinn go dtí an CNOS anois

##### R2

- Tá athbhreithniú ar an gCiste do Mhic Léinn le Míchumais san Ardoideachais anois críochnaithe agus tuairisc réidh
- Foilsíodh tuairisc ar bhacainní don rannpháirtíocht sa Bhreisoideachas agus Breisoiliúint (BOO) i mí an Mheithimh, le sprioc chun comhionannas deiseanna agus rochtain ar BOO agus láimhseáil chomhionann d'fhoghlaimeoirí a chinntiú
- Fógraíodh glao le haghaidh moltaí faoin gClár Rochtana ar Ardoideachas (PATH) Sraith 2, ina rabhthas ag lorg beart chun dul i ngleic go díreach le pobail faoi mhíbhuntáiste, le buntáistí an ardoideachais a chur chun cinn.

- An chéad bhabhta den treochlár Aistear FGL

R3

- Scoileanna nua á dtabhairt isteach de réir a chéile sa scéim Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh sna Scoileanna (DEIS) i mí Mheán Fómhair 2017 agus tacaíocht sa bhreis á cur ar fáil do scoileanna DEIS
- Aithníodh an chéad sciar de scoileanna DEIS chun páirt a ghlacadh sa chéad triail den Chiste nua Sármhaitheasa Scoile, le hiarrthóirí sa triail ag léiriú na mbealaí nuálacha agus cruthaitheacha a ghlacfaidh scoileanna agus iad ag súil le torthaí na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú
- Foilsíodh Athbhreithniú Neamhspleách le tacaíochtaí agus bacainní do thuismitheoirí aonaracha sa rochtain ar ardoideachas a aithint, le €16.5m fógartha mar thacaíocht do thionscnaimh nua le rochtain níos leithne ar ardoideachas a fhorbairt thar na trí bliana atá romhainn, le béim láidir ar Thuismitheoirí Aonaracha agus Grúpaí faoi Mhíbhuntáiste
- Tugadh isteach in athuair deontais chothabhála do na mic léinn iarchéime ba mhó faoi mhíbhuntáiste tríd an Scéim um Dheontais do Mhic Léinn & Rialacháin don bhliain 2017/18
- Athbhreithniú ar Chlár Ógtheagmhála coimisiúnaithe agus tús curtha le meastóireacht

R4

- Ciste Sármhaitheasa Scoile seolta le cistiú €1.8m curtha ar fáil do Chláir Nuálacha i scoileanna DEIS Cistiú chun cur chun cinn nuálacha a phíolótú le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil.
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachais Speisialta (CNOS) ag tacú le scoileanna i gcur i bhfeidhm samhail leithdháilte nua do Riachtanais Speisialta Oideachais le tacaíocht bhreise, teorú, FGL agus oiliúint ar fáil.

### Sprioc 3: Cabhrú leo siúd a chuireann seirbhísí oideachais ar fáil chun feabhsú go leanúnach

R1

- Seirbhís oiliúna ghairmiúil do phríomhoidí i mbun seirbhíse, ag cur oiliúna gairmiúla ar fáil do 400 príomhoide in aghaidh na bliana, i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2017.

R2

- "Striking the Balance" (Soláthar Múinteoirí: Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Teicniúil) foilsithe, léirítear sa tuarascáil anailís ar líon na múinteoirí atá ag teastáil ón gcóras scoile
- Cuireadh tús le saothar chun pleán a fhorbairt do dhaoine ag obair i soláthar na Luathbhlianta leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scoileanna sa Todhchaí ag cur cleachtaidh maidir le pleanáil an fhórsa oibre ar siúl

R3

- Fógraíodh athruithe ar na bunriachtanais iontrála do chláir ábhar oidí bunscoile le cinntiú go bhfuil sé de chumas ag múinteoirí bunscoile foghlaim a stiúradh sna hábhair ríthábhachtacha de Mhatamaitic, Béarla agus Gaeilge
- Clár Meantóireachta ar fáil do gach príomhoide scoile nuacheaptha, i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, ag láidriú ceannaireachta trí thacaíocht bhreise do Phríomhoidí
- Cuireadh tús le cáilíocht nua iarchéime do cheannairí scoile uailmhianacha le 253 rannpháirtí ag glacadh ionaid ar an gcúrsa Diplóma Iarchéime i gCeannaireacht Scoile

R4

- Foilsíodh Nósanna Imeachta um Chúram Leanaí leasaithe in am do thosach feidhme n tAchta um Thús Áite o Leanaí an 11 Nollaig 2017. Tús curtha i mí na Nollag 2017 le clár tacaíochta ar bhonn céimnithe, a chuimsíonn cláir ríomhfhoghlama, seimineáir ghréasáin agus seimineáir, chun cuidiú le scoileanna le cur i bhfeidhm na nósanna imeachta leasaithe.
- Rinneadh leathnú ar an réimse tacaíochtaí atá ar fáil tríd ón Lárionad do Cheannaireacht Scoile le go gcuimsíodh clár iarchéime do cheannairí scoile uailmhianacha. Oiliúint agus meastóireacht bhunaithe sa chóras.
- Samhail oiliúna do sheachadadh an chláir féinmharaithe SafeTalk forbartha agus curtha ar fáil tríd an ngréasán Lárionad Oideachais.
- Tugadh samhail nua meastóireachta curaclaim agus samhail meastóireachta um sholáthar daltaí le riachtanais speisialta oideachais isteach sa phríomhshruth le nótaí stiúrtha chun tuairiscí a dhéanamh sothuigthe do thuismitheoirí.
- Tús curtha le meastóireacht ar VTOS agus Clár Oiliúna Scileanna Sonrach le go ndéanfaí tionchar na scéimeanna seo a fheabhsú.

#### Spríoc 4: Naisc níos láidre idir an lucht oideachais agus pobail a thógáil

R1

- Cheap an tAire na baill den Chomhairle Scileanna Náisiúnta agus seolfar an Chomhairle go hoifigiúil i mí Aibreáin 2017
- Fóraim Scileanna Réigiúnacha seolta go hoifigiúil ag an Aire

R2

- Fógraíodh dara glao na Comhairle Printíseachta le haghaidh moltaí nua printíseachta mar pháirt den phlean le líon na gclárúcháin printíseachtaí bliantúla agus oiliúnachtaí a dhúbailt go 14,000 faoin mbliain 2020
- 6,471 ionad ardoideachais saor in aisce seolta faoi Springboard+, le cúrsaí dírithe orthu siúd atá ag lorg post agus orthu siúd i bhfostaíocht nó féinfhostaithe atá ag súil le huas-sciliú, hath-sciliú nó tras-sciliú a dhéanamh
- Tá tús curtha ag an gComhairle Náisiúnta Scileanna, seolta go hoifigiúil i mí Aibreáin 2017, le cur i bhfeidhm a plean oibre
- Críochnaíodh an Prótacal Athbhreithnithe le cinntiú nach ndúntar scoil bheag ar bith i gcoinne toil na dtuismitheoirí, agus tá sé foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne
- Reachtáladh Lá Náisiúnta na nEalaíon san Oideachas i mí na Bealtaine, ag tacú le cur i bhfeidhm leanúnach na Cairte um Ealaíona san Oideachas i soláthar agus cur chun cinn an n-ealaíon san oideachas do pháistí agus daoine óga

R3

- Foilsíodh treoirínite d'úsáid fhoirgnimh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile
- Curaclam nua do 12 ceird reatha arna bhailíochtú ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCE/QQI)
- Tús curtha ag 5 ghréasán oiliúna nua Skillnets sna hearnálacha Teicneolaíocht na Míochaine, Fáilteachais, Dearthóireachta, Scéimhe agus Turasóireachta.

- Tá cur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe de Springboard+ ag leanúint ar aghaidh in institiúidí ardoideachais trasna na tíre, ag cur breis agus 6,400 ionad ar fáil ar 198 cúrsa
- Roghnaíodh 9 gComhpháirtíocht Ceol san Oideachas nua le páirt a ghlacadh i mBabhta 2 de Ghlúin an Cheoil, tionscadal arna chómhaoiniú ag Ciste SAM/na hÉireann agus an ROS
- Tá tús curtha le cur i bhfeidhm Óige Chruthaitheach, Piléar 1 den Tionscnamh Éire Ildánach maidir le *Arts Rich Schools* (ARIS).

#### R4

- Tá 26 printíseacht náisiúnta nua faofa le haghaidh tuilleadh forbartha i rannóga idir Bheochan agus Chúram Sláinte, agus fógraíodh dara ghlaio do mholtaí maidir le forbairt printíseachtaí nua.
- Forbraíodh 8 n-oiliúnacht gairmréime nua le breis agus 222 clárúchán go nuige seo. Tá oiliúnachtaí ar fáil anois thar réimse leathan tionscal, ina measc cúram, foirgníocht, innealtóireacht, faisean agus scéimhe, airgeadas, TFC, spóirt agus lóistíocht.
- Tá tairiscintí maidir le Forbairt Bainistíochta leasaithe anois á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe go breis agus 800 úinéir/bainisteoir FBMí, ag cur oiliúna struchtúrtha bainistíochta ar fáil i rannóga cosúil le straitéis agus forbairt ghnó.
- Seoladh Óige Chruthaitheach an 6 Nollaig 2017 le sprioc aige a chinntiú go bhfuil rochtain phraiticiúil ag gach leanbh in Éirinn ar theagasc, taithí agus rannpháirtíocht sa cheol, sa drámaíocht, sna healaíona agus sa chódú faoin mbliain 2022
- Reachtáladh an tríú fóram náisiúnta maidir le hOideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe an 15 Samhain 2017 chun cuidiú leis an Roinn i gcur le chéile a hathbhreithnithe mheántearmaigh den Straitéis Náisiúnta maidir le hOideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020

#### Sprioc 5: Seirbhísí tacaíochta agus pleanála náisiúnta a fheabhsú

##### R1

- Thuairiscigh an Roinn maidir le príomhcheisteanna agus tosaíochta atá aitheanta aici d'earnáil oideachais na hÉireann inar mhol sí don Rialtas breithniú i gcomhthéacs na n-idirbheartaíochtaí Breatimeachta a thosóidh nuair a graíonn Rialtas na RA Airteagal 50 den Chonradh Liospóin

##### R2

- Foilsíodh torthaí an phróisis chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an Meicníocht Infheistíochta Stáitchiste-Fostóra molta don AO agus BOO
- Tá críoch curtha leis an athbhreithniú ar na treoirínte don Bhord Achomharc Iompair Scoile agus tuairisc déanta, i gcomhréir leis na gealltanais sa Chlár Rialtais
- 40 Ceannoifig agus Fo-oifig na mBord Oideachais agus Oiliúna agus na lárionaid oiliúna á gceangal le soláthraí líonra amháin, ag ligean do nascacht idir oifigí agus comhaontuithe le haghaidh seirbhísí gaolmhara sa todhchaí, ar nós VOIP
- Críoch curtha leis an Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn, ina leagtar amach creat leathan do sholáthar leibhéal níos fearr cóiríochta agus lena múnlaítear straitéisí cóiríochta an údaráis áitiúil agus an próiséas bainistíochta talún, ionas go gcuirfí suíomhanna atá lonnaithe go cuí agus atá inacmhainne ar fáil
- Seoladh na feabhsúcháin ar Bhunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna in mí Iúil 2017 le réamhchlárúcháin a éascú, ag tógáil ar fheidhmiúlacht an Bhunachair Shonraí ar Líne do Bhunscoileanna ina ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn oideachais na ndaltaí agus iad ag bogadh tríd an gcóras oideachais bhunscoile agus ar aghaidh chun na hiarbhunscoile

- Bunaíodh Lárionad Barr Feabhais do Sheirbhísí Comhroinnte Díl chun cuidiú leis an earnáil BOO

### R3

- Forbraíodh plean le rannpháirtíocht na Roinne i dtionscnaimh shonraí faoi stiúir Rialtas a bhainistiú agus a chomhordú, e.g. Sonraí Oscailte, Straitéis TFC, Bonenagar Sonraí Náisiúnta POS, CSR Action 24
- Tá tús curtha leis an Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) ag leibhéal bunscoile, a chuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil do scoileanna faoi gach gné de bhainistiú agus de rialú airgeadais
- Tá tús curtha le cur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe de Sheirbhísí Comhroinnte Párola do na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOí) le suíomh an Lárionaid Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais dearbhaithe

### R4

- Suíomh nua don Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais (ESBS) slánaithe agus léas sínithe.
  - Cur chun cinn déanta maidir le seachadadh na Straitéise ROS um TFC 2015-2019, le cur i bhfeidhm de ríomh-Aighneachtaí agus ascnamh láithreán gréasáin ROS chuig an Néalríomhaireacht
  - Obair dheireanach ar an PPOD críochnaithe ag eascú do scoileanna measúnuithe na ndaltaí a thaifeadadh do Bhéarla, Gearrchúrsaí eile agus Aonaid Tosaíochta Foghlama (PLU) agus leis na Deonuithe Próifíle Gnóthachtala den tSraith Shóisearach a íoslódáil
  - Tugadh faoin Suirbhé Custaiméirí 2017 leis an leibhéal sástachta a mheasúnú, maidir leis na seirbhísí arna soláthar ag an Roinn, agus na tuairimí ina leith, curtha i gcrích i í na Nollag 2017, ag tacú le tiomants na Roinne chun caighdeán an tseachadta seirbhíse dá gcustaiméirí a fheabhsú.
  - Cuireadh an Roinn ar an ngearrliosta i dtrí chatagóir i nGradaim na Státseirbhíse um Shármhaitheas agus Nuálaíocht 2017, ag baint an chéad áit amach sa chatagóir um Sármhaitheas sa Nuálaíocht don tionscadal, Samhail nua do Leithdháileadh na Múinteoirí Riachtanais Oideachais Speisialta ar Scoileanna
-